Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Réamhrá**
Is fadréimseach agus is ilchineálach an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar
sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar
an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha,
bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí atá forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus cuimsitheach.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe cuimsitheach a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil.

Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách mór i gceist
go hiondúil.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi 'Ealaín agus Ailtireacht' (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh sé gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.

Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.

Tá na critéir maidir le ceisteanna dioscúrsacha a mheas áit a bhfuil tríocha marc nó níos mó á dtabhairt as freagra iomlánaíoch le feiceáil in Aguisín 1.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a chur in iúl nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i)

(a) Seo a leanas siomptóim na plá mar a chuir Túicídidéas síos orthu:

Go tobann, fuair daoine a bhí i mbarr a sláinte na siomptóim a leanas: mothú dó ina gcloigeann, d'iompaigh a súile dearg, bhí siad ag cur fola óna scornach agus a dteanga, bréan-anáil, piachán agus sraothartach, pian cliabhraigh agus urlacan, pian agus freangaí, craiceann dearg le hothrais, mothú dó chomh mór sin nach bhféadfadh daoine fiú na baill éadaigh is éadroime ar a gcraiceann a sheasamh, bhí siad ag iarraidh iad féin a thumadh in uisce fuar, bhí tart, easuan agus corrthónacht orthu. Cailleadh iad de ghnáth ar an 7ú nó 8ú lá, ach mura gcaillfí iad, bhuailfeadh buinneach uafásach iad agus uaireanta chaillfidís radharc na súl, lúth na ngéag nó d'imeodh a gcuimhne. Fágadh na mairbh ina luí ar an talamh gan adhlacadh (ní dheachaigh na héin, a d'imigh gan tásc ná tuairisc, i ngar dóibh). D'imigh breoiteachtaí eile. Buaileadh daoine láidre agus laga ar an gcaoi chéanna. Ba é an ghné ba mheasa easpa misnigh agus éadóchas na ndaoine a bhí ag fulaingt agus a bhí "á gcailleadh as éadan". Go minic, cailleadh daoine agus iad astu féin. Cailleadh na daoine sin a rinne iarracht an rud ceart a dhéanamh. Deirtear go raibh an phlá ní ba nimhní san Aithin ná in aon áit eile; nach raibh na dochtúirí in ann déileáil leis an líon daoine breoite agus go raibh na rátaí báis ab airde acu. Bhí aineolas iomlán ar an gcaoi le déileáil leis an tinneas. I dtosach, bhain daoine triail as íobairtí, oracail, etc. ach níor lean siad leis, bhí an fhulaingt rómhór nuair nár éirigh leo. Ar dtús, mheas siad gur chuir muintir Sparta nimh ina dtaiscumair. Ní dhearnadh caointeoireacht fiú ar son na marbh. Níor tholg na daoine a mhair an galar arís, nó má tholg, ní raibh sé marfach. Mhothaigh siad nach bhféadfaidís bás a fháil. Bhí an tionchar ba mheasa orthu siúd a d'fhág an tuath le dul chuig an gcathair. Bhásaigh siad "ina sluaite". Thosaigh coirp ag carnadh, bhí daoine i mbéal báis ag siúl timpeall ar leathchos. "Thug fir neamhaird ar gach riail creidimh nó dlí". Chaith roinnt daoine coirp ar bhreochairn corp eile. "Aindleathacht nach bhfacthas cheana" a bhí i réim. Thosaigh roinnt daoine ag caitheamh a gcuid airgid ar fad ar phléisiúr amhail is go raibh deireadh ag teacht leis an domhan. Tréigeadh an onóir, ní raibh d'onóir ann ach "pléisiúr an ama". Ní raibh eagla ar bith roimh na déithe mar cailleadh an mhaith agus an t-olc araon. Thit an córas ceartais as a chéile mar bhí cúis bháis in aghaidh gach duine.

**Cur síos mionsonraithe ar iarmhairtí na plá ar na híospartaigh agus ar a n-iompar.**

**(12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Tháinig lagmhisneach ar na hAithnigh agus chuir siad brú ar Pheiricléas; chuir siad an milleán air as na drochrudaí go léir a tharla dóibh. Chuimhnigh go leor díobh ar sheanoracal a dúirt go mbeadh cogadh ann leis na Dóraigh "agus bás san am céanna". Mar thoradh ar bhás Pheiricléas le linn na Plá tháinig maolú ar an bpolasaí eachtrach.

**Dhá phointe míniúcháin. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(ii)

(a) Na príomhphointí: tá aiféala ar na Coircíoraigh anois mar gheall ar a neodracht roimhe seo agus deir siad nár thug siad an breithiúnas ceart sa chás seo. Admhaíonn siad nach féidir leo teacht slán astu féin ar na Corantaigh mar gheall ar a gcabhlach nua méadaithe. Deir siad go gcuirfidh siad ina luí ar na hAithnigh cabhrú leo chun a leasa féin. Ar dtús, cuireann siad in iúl nach iadsan na hionsaitheoirí; is iad na Corantaigh na hionsaitheoirí. Deir siad go bhfuil an dara cabhlach is mó sa Ghréig acu agus go mbeidh siad anois ag tacú leis na hAithnigh agus go mbeidh siad buíoch díobh go deo na ndeor má chabhraíonn siad leo anois. Beidh meas ag an domhan freisin ar an Aithin as ucht a flaithiúlachta. Deir siad freisin nach féidir cogadh a sheachaint agus gurb í an Aithin fíorsprioc na Corainte: cé gurb í an Choraint a máthairchathair, níl siad faoi chomaoin aici. Bhí siad sásta dul chun eadrána ach dhiúltaigh an Choraint. Cuireann siad in iúl nach sáróidh an comhaontas an Conradh idir Sparta agus an Aithin, agus gur iontach an rud an comhaontas idir dhá chabhlach láidre. Deir siad freisin go bhfuil Coircíora lonnaithe go straitéiseach ar an mbealach go dtí an tSicil. Ar a laghad, ba cheart dóibh cosc a chur ar a ngéillsinigh féin liostáil leis an namhaid, ach b'fhearr fós comhaontas ceart.

**Míniú mionsonraithe ar na hargóintí. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) D'áitigh ionadaithe na Corainte i dtosach nárbh iad na hionsaitheoirí. Maíonn siad nach polasaí críonnachta ná measarthachta a bhí i seanpholasaí Choircíora, ach polasaí an oilc, polasaí lena bhféadfaidís aon olc nó éagóir a rinne siad a cheilt. – Is coilínigh mhídhílse dár gcuid iad agus chuir siad fearg orainn, breathnaigh ar an gcaoi a dtaitníonn muid lenár gcoilíneachtaí eile agus an meas atá acu orainn? Thóg siad Epidamnus cé gur linn é. Is é an faitíos an t-aon chúis ar tháinig siad go dtí an Aithin anois ar thóir cabhrach. Má théann sibh leo, beidh sibh inár n-aghaidh. Is cinnte gurb é an cinneadh ceart go bhfanfadh sibh neodrach nó go seasfadh sibh linn ina n-aghaidh.

**Dhá phointe. (5, 5.)** **(10 marc)**

(c) Bhí dhá chruinniú ann. Ag an gcéad chruinniú bhí an tromlach ar son na gCorantach, ach ag an dara cruinniú chinn siad ar chomhaontas cosanta nach dtiocfadh i bhfeidhm ach amháin dá ndéanfaí ionsaí ar Choircíora nó ar an Aithin ón taobh amuigh.

**Pointe amháin.** **(10 marc)**

(iii)

(a) Tharla Cath Mantinea i 418-417 R.Ch. Rinne na Spartaigh agus a gcomhghuaillithe ionradh ar chríoch Mantinea agus scrios siad an áit. Bhí na fir á dtabhairt chun catha ag Agis nuair a ghríosaigh seanfhear é le filleadh ar ais, mar bhí an namhaid in áit rómhaith. Chinn sé ansin iarracht a dhéanamh abhainn, a mbíodh tuile inti de ghnáth, a atreorú i dtreo Mantinea chun na hAirgívigh a chur amach as a suíomh ard. Chuaigh na hAirgívigh, a raibh iontas orthu faoi athrú intinne na Spartach, síos go dtí an machaire. Thángthas aniar aduaidh ar na Spartaigh agus ní raibh acu ach tamall gairid le hullmhú. Labhair na ginearáil lena n-airm. Cuireadh i gcuimhne d'arm Mantinea go raibh siad ag troid ar son a dtíre, ar son cumhachta

nó sclábhaíochta. Insíodh do na hAithnigh cé chomh hiontach is a bheadh sé an lámh in uachtar a fháil ar an Spartaigh i ndúiche Pheilipinéiseach. Bhéic na Spartaigh ar a chéile agus chan siad, agus fios acu gur fiú smacht fada sa ghníomh níos mó ná focail ar bith. Bhrostaigh na hAithnigh i mbun gnímh, bhog na Spartaigh go mall de réir a seinnteoirí fliúite chun go bhfanfadh siad in eagar. Chonaic Agis go raibh a líne ag síneadh barraíocht ar dheis i ngeall go raibh gach fear ag iarraidh é féin a chosaint ar chúl sciath an fhir ar a thaobh deas, mar sin thug sé ordú don Scriritae ar an sciathán clé bogadh ar chlé agus do dhá aonad eile na bearnaí sa líne a d'osclódh a líonadh. Dhiúltaigh beirt cheannasaithe é sin a dhéanamh (cuireadh chun báis iad níos déanaí) agus d'oscail an bhearna ach throid na Spartaigh go cróga in áiteanna eile, ag tabhairt ar an namhaid teitheadh. Bhí cliathán na nAithneach scoite anois ach d'éirigh leis an gcuid ba mhó díobh éalú. Mar ba dhual do na Spartaigh, ní dheachaigh siad sa tóir ar an namhaid lena mharú, ach d'fhán siad ansin. Chaill siad thart ar 300 fear, chaill an namhaid thart ar 1100 fear.

**Cuntas comhleanúnach ar an gcath. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Tháinig athrú ar chúrsaí sa Pheilipinéis de bharr bhua na Spartach mar thug sé ardú meanman do na Spartaigh. Choinnigh na Spartaigh a smacht sa Pheilipinéis. Dá gcaillfí Tegea, rud a tharlódh go cinnte i gcás bhua na gcomhghuaillithe in Mantinea, scriosfaí suíomh straitéiseach Sparta agus bheadh sé scoite amach óna chomhghuaillithe. Bheadh an dochar a dhéanfaí do ghradam na Spartach tubaisteach dá gceannas. Ba bhua don olagarcacht rath na Spartach freisin agus cuireadh deireadh leis an daonlathas in Argos dá bharr. Athneartaíodh creideamh na Spartach in Agis. Mar sin féin, roghnaíodh deich Spartach ó aicme na n-oifigeach le bheith ina gcomhairleoirí aige.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(iv)
Is staraí iontach Túicídidéas a bhfuil go leor ar eolas aige faoi thréimhse chorrach i stair na Sean-Ghréige agus a chuireann beocht i radhairc de bharr an cur síos beoga a dhéanann sé ar charachtair agus ar eachtraí. Féadfaidh na scoláirí dul i ngleic leis an gceist seo trí thréithe áirithe Thúicídidéas mar staraí a roghnú (amhail an taighde mionsonraithe a rinne sé, na cuntais uileghabhálacha a thug sé ar chathanna agus díospóireachtaí ar leith, an chaoi ar úsáid sé óráidí agus an anailís a rinne sé ar chúiseanna). Is féidir leo ansin samplaí a roghnú ón téacs dualgais chun a bpointí a léiriú. Cur chuige eile a bhféadfaí glacadh leis ná go roghnódh an scoláire trí nó ceithre cinn d'eipeasóidí áirithe (e.g. díospóireacht, cath, an tSluaíocht chun na Sicile) ón téacs agus go n-úsáidfeadh sé nó sí iad chun a shárchumas mar staraí a chruthú. Ba cheart do na scoláirí a léiriú nach raibh an stair ach ina tús an t-am sin agus gur cheannródaíoch an méid a bhí á dhéanamh ag Túicídidéas i bhfianaise na haimsire sin. Más gá, marcálfar an cheist seo bunaithe ar bhraistint mar is ceist an-oscailte í.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10.** **(50 marc)**

## Topaic 2. Alastar Mór.

(i)
D'fhéadfadh go n-áireofaí iad seo a leanas mar fhianaise ar ghníomhréim den scoth: Na cúinsí a bhaineann lena bhreith, na tairngreachtaí agus tuartha, na trí eachtra a tharla an lá ar saolaíodh é, na scéalta faoi Oilimpias agus an nathair, brionglóid Philib. Cuairt na n-ambasadóirí Peirseacha, scéal Bucephalas, an gearán a rinne Alastar lena chairde nach bhfágfadh a athair aon rud aige le cloí, an t-oideachas a thug Arastatal dó, a cheannasaíocht ar an marcshlua ag Cath Chaeronea, an chaoi ar láimhseáil sé an comharbas tar éis bhás Philib, na feachtais a bhí aige in aghaidh mhuintir na Tráicia, mhuintir Triballi, na dTeasálach, mhuintir Eilíria agus an bua a bhí aige i Léigear na Téibhe. Ní iarrtar ar na scoláirí na scéalta amhail scéal Bucephalas a insint go mion; ba cheart dóibh cuid den rath míleata a bhí air sula ndeachaigh sé soir a lua go háirithe.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(ii)
(a) Tosaíonn na heachtraí ag cóisir áit a raibh an iomarca ólta ag gach duine a bhí i láthair. Fiú roimhe sin, deir Airrianas linn go raibh Cléiteas buartha faoi Alastar mar go raibh sé ag éirí níos oirthearaí ina stíl cheannaireachta. Bhíothas ag magadh faoi roinnt Macadónach a cloíodh le déanaí agus bhíothas ag plámás i gcoitinne agus bhí Alastar á chur i gcomparáid le dia. Ní raibh Cléiteas in ann é sin a sheasamh. Labhair sé faoi Philib agus faoin gcaoi a raibh a chuid éachtaí i bhfad níos fearr ná éachtaí Alastair. Dar le Plútarc, rinne Cléiteas gearán faoin teacht a bhí ag na Peirsigh ar an rí, ach nárbh ann d'aon Mhacadónaigh shona seachas iad siúd a bhí marbh. D'ardaigh sé a lámh agus mheabhraigh sé d'Alastar gur tharrtháil sé é ón mbás ag an Granicus. Dar le Plútarc, chaith Alastar úll le Cléiteas ar dtús. D'fhógair Alastar gur cheart é a ghabháil ach níor ghabh aon duine é agus chuir sé a shleá tríd. Ar ordú Airrianais tógadh Cléiteas ón láthair, ach tháinig sé ar ais agus é ag spochadh as Alastar.

**Cur síos comhleanúnach ar an tsraith eachtraí. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) Thug Anaxarchus amach d'Alastar mar bhí sé ina luí ar an urlár agus ag caoineadh. Dúirt sé le hAlastar gur rí é agus, dá réir sin, go raibh sé cosúil le Séas, ceannródaí an cheartais. Ba é a phost siúd rialú agus orduithe a thabhairt agus dul ar aghaidh leis an obair. Bíonn bearta an rialtóra cóir i gcónaí. **Pointe amháin. (5 mharc)**

(c) Féadfaidh na scoláirí aontú nó easaontú leis seo. Aontú: D'fhéadfaidís a áitiú go raibh sé de cheart ag Alastar, cé go raibh sé ar meisce agus spréachta ag an am, agus dar le Cléiteas freisin, níos mó measa a léiriú ar a rí agus nach raibh sé de cheart aige beag is fiú a dhéanamh de i measc comhluadair. D'fhéadfaí a áitiú go raibh sé de cheart aige a mhíshástacht a chur in iúl go príobháideach agus gur chuir sé an oiread sin feirge ar Alastar, fearg nach bhféadfadh sé a sheasamh níos mó, trí cheap magaidh a dhéanamh de. Easaontú: Ba dheartháir é Cléiteas le feighlí linbh Alastair agus tharrtháil sé Alastar ón mbás ag an Granicus. Níorbh fhéidir aon leithscéal a dhéanamh de dá ndúnmharódh duine a bhí ar meisce seanchara leis, fiú dá mba rud é go raibh sé dímheasúil agus maslach. Is smál ar ríogacht Alastair é gur lig sé dó féin

imeacht chomh fada sin ó smacht go ndearna sé a leithéid. Is fianaise ar a chiontacht an brón agus an t-aiféala a bhí air ina dhiaidh. D'fhéadfaí aontú go pointe áirithe anseo.

**Dhá phointe fhorbartha. (8, 7) (15 mharc)**

(iii)
Táthar ag súil go n-aontóidh na hiarrthóirí leis an ráiteas seo mar ní ann d'aon léigear eile atá ar an scála céanna le léigear na Tuíre ná chomh fada nó chomh cliste leis. Mar gheall ar a láthair gheografach – oileán leathmhíle amach ón gcósta ar a raibh ballaí ollmhóra agus cabhlach láidir, ceapadh nach bhféadfaí ionsaí a dhéanamh uirthi. Sa mhullach air sin, bhí bunadh na cathrach meáite ar an áit a chosaint agus gan géilleadh d'aon duine, níor lig siad d'Alastar adhradh ag scrín Earcail fiú. Tar éis an lámhainn iarainn a leagan síos d'Alastar, bhí a fhios ag na saoránaigh gur comhrac go dtí an deireadh a bheadh ann agus go mbeadh orthu bheith seiftiúil. An muirmhúr a thógáil (faoi dhó) le túr léigir; longa a fháil ón gCipir agus ó Shiodón; slabhraí a chur in ionad rópaí sna longa; bolláin a bhogadh faoin uisce; longa a úsáid ar a raibh dréimirí léigir faoi cheangal; ionsaí ó mhórán taobhanna. Is gá cur síos a dhéanamh ar an gcuid is mó de na gnéithe sin, ach thar aon rud eile is gá fianaise shoiléir a thabhairt gur léigear ar leith a bhí ann mar gheall ar sheiftiúlacht, diongbháilteacht agus clisteacht Alastair le linn an léigir. Tá a fhéinmhuinín a raibh sé in ann a thabhairt dá chuid fear, an freagra sciobtha a thug sé ar ghéarchéimeanna, an taobhsmaointeoireacht a bhí aige i leith cúrsaí straitéise agus a chruálacht ar fad le sonrú anseo. Ní mór tagairt a dhéanamh freisin don rath a bhí air i léigir eile e.g. an Téibh, Halacarnasas, Gaza, et al.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(iv)
(a) Cur síos gairid ar aon cheann de na ceithre bhealach oirthearacha a bhí aige: feisteas Peirseach a tharraingt chuige féin; an iarracht a rinne sé sléachtadh (*proskynesis)* a thabhairt isteach i measc na Macadónach; a phionóis iomarcacha (e.g. Bessus); na bainiseacha rabairneacha Peirseacha ag Súsa; só agus rabairne ag dul i méad i rith an ama; rialtóirí áitiúla a cheapadh; trúpaí Peirseacha a imeascadh i struchtúir orduithe an airm (go háirithe ceapachán 30,000 epigoni), gníomh a raibh na Macadónaigh thíos leis mar bhí siad den tuairim gur tugadh neamhaird orthu.

**(4 x 5 mharc) (20 marc)**

(b) Ar dtús, tugann Plútarc le fios go n-easaontaíonn Cléiteas go láidir leis an bhfabhar atá aige leis na Peirsigh, a bhfuil na Macadónaigh thíos leis dá dheasca, go díreach sula maraíonn Alastar é. An rud is tábhachtaí anseo ná an chaoi ar chuir Callastainéas i gcoinne sléachtadh (*proskynesis)* a thabhairt isteach agus Plota Pages a bhí bainteach leis sin. Is í an mhórfhianaise eile ar an gcur i gcoinne an cheannairc ag Opis: dhiúltaigh na Macadónaigh

dul abhaile agus níor theastaigh uathu gur mó cion a bheadh ag Alastar ar na Peirsigh anois ná mar a bheadh orthu féin. Ba cheart cur síos a dhéanamh ar na heachtraí sin.

**(3 x 10 marc)** **(30 marc)**

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i)

(a) Ba í Comhcheilg Chaitilíne plean Chaitilíne chun na consail a mharú agus an Róimh a ghabháil. Bhí pleananna móra aige chun an ghéarchéim fiachais sa Róimh a réiteach agus d'athchruinnigh sé go leor pleibeach ar a thaobh chomh maith le roinnt paitríoch míshásta. Shroich na toscairí ó na Allobroges an Róimh agus chuaigh na comhchealgairí i dteagmháil leo ach scaoil gníomhairí an rún leis an Seanad go raibh cruinnithe ag Lentulus leo. Fuair Ciceаró litreacha ó Crassus, fianaise shoiléir ar an gcomhcheilg, a thug sé leis chuig cruinniú an tSeanaid ina dhiaidh sin. Thug an seanad an chumhacht do na consail plé leis an ábhar sa tslí chuí dar leo. Dhaor Ciceаró Caitilíne os comhair an tSeanaid agus d'imigh sé go Etruria chun dul lena fhórsaí. Gabhadh Lentulus agus na comhchealgairí eile. Ghabh Ciceаró na ceannairí agus mharaigh sé iad (in ainneoin gur chuir Iúil Caesar ina aghaidh). Cáineadh Caitilíne agus stiúir sé arm beag a chaill ag Pistoria, áit ar throid sé féin go cróga.

**Cuntas comhleanúnach ar an gcomhcheilg. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(b) Cuireann Sallaistias síos air féin mar dhuine cumasach ach brúidiúil, meargánta agus glic. Léiríonn sé fear atá flaithiúil ach mí-ionraic. I measc lucht leanúna Chaitilíne, de réir shliocht ábhartha Shallaistias, bhí coirpigh, clisiúnaigh, leisceoirí, agus iad siúd ar theastaigh cogadh uathu chun a gcás féin a athrú. Bhí sé an-uaillmhianach. Is suntasach a mhisneach agus an tslí a raibh sé meáite ar leanúint ar aghaidh i mbun troda nó go raibh an cath go hiomlán thart.

**Plé, 10; Forbairt, 10; Meastóireacht ghinearálta, 5.** **(25 marc)**

(ii)

D'fhéadfadh gur aiste fhadréimseach í seo inar féidir leis na scoláirí aontú nó easaontú agus rogha a dhéanamh ansin ó réimse leathan ábhair chun a bhfreagra a léiriú. Aontóidh an tromlach leis an athfhriotal agus ba cheart dóibh trí shampla ar a laghad ó shaol Chaesair a thabhairt ina gcruthaítear é sin. Eachtraí soiléire le lua: an chaoi ar tháinig sé i gcumhacht ar dtús nuair ba chosúil gur dhuine baoth é, fiú leitheadach (a chuid gruaige a réiteach) agus mealltach go leor. Measadh é faoina chumas agus glacadh leis nár cheart é a chreidiúint. In ainneoin na mbagairtí, ní scaoilfidh sé lena chéad bhean, téann sé le sagartacht fiú nuair a thugtar breab dó. Is sampla iontach mar a chaith sé leis na foghlaithe mara den chaoi ar mheas siad é faoina chumas agus ar údar gáire é dóibh, ach sa deireadh céasadh iad ar a ordú. Is sampla eile an chaoi ar mheas Poimpéas é faoina chumas. Nuair atá Caesar sa Ghaill agus Poimpéas sa Róimh, glacann sé leis go bhfuil arm na Róimhe, den chuid is mó, dílis dó agus

ní do Chaesar, ach ar ndóigh, thug Caesar breabanna do na saighdiúirí agus na polaiteoirí le go dtabharfaidís tacaíocht dó. Is sampla maith eile an uair a bhuail sé leis an gcisteoir sa Róimh. Deir Caesar go mbeadh sé níos éasca air é a mharú ná labhairt leis faoi. Ba cheart do na scoláirí taobh pearsanta, mealltach Chaesair agus an chaoi ar cheil sé uaillmhian dhiongbháilte neamhthrócaireach a léiriú. Ar an iomlán, is deacair easaontú leis an measúnú sin.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10.** **(50 marc)**

(iii)

(a) Is cosúil go raibh "amhras" ar an mbeirt fhear faoina chéile riamh "mar gheall ar an dá shlí mhaireachtála a chleacht siad a bheith chomh héagsúil sin." Bhí imní ar Chiceáró go bhféachfadh Antaine leis an gcumhacht iomlán a tharraingt chuige féin tar éis fheallmharú Chaesair agus bhí a fhios ag Antaine go raibh bá ag Ciceáró le Brútas agus le lucht na comhcheilge. Bhí an ghráin ag Antaine ar Chiceáró mar níor tháinig sé i láthair ag cruinniú an-tábhachtach den Seanad tar éis d'Antaine an cruinniú a thionól. Ba bheag gur sheol Antaine saighdiúirí le tabhairt ar Chiceáró a theacht i láthair. Ina dhiaidh sin, thacaigh Ciceáró le hOctáivian le cur i gcoinne Antaine agus, ar ndóigh, leis na Filipicí a sholáthar le cur i gcoinne Antaine.

**Plé, 12; Forbairt, 12; Meastóireacht ghinearálta, 6.** **(30 marc)**

(b) Bhí deireadh le Ciceáró cé gur raibh Octáivian in ainm is a bheith ag argóint in éadan a eisreachtaithe. Chuathas á lorg agus rugadh air ague é ag fágáil a villa ag Formiae in eileatram (leaba iompair). Nuair a tháinig a mharfóirí Herennius agus Popillius, dhiúltaigh a sclábhaithe féin é a thabhairt ar láimh ach rinne sclábhaí de chuid a dhearthár, a bhí scaoilte saor, feall air. Fuair sé bás le dínit. D'ofráil sé a scornach do na marfóirí agus ag iarraidh orthu bás mar is ceart a thabhairt dó, cé nach raibh an méid a bhí á dhéanamh acu ceart. Is iontach a bhéasa anseo agus é faoi éigeantas as cuimse.

**Cuntas comhleanúnach ar a bhás. (7, 7, 6.)** **(20 marc)**

(iv)

(a) Chruthaigh Catullus go bhfuil mothúcháin an-láidir ar fad aige; nuair a thugann sé grá, is le hiomlán a chroí é mar is léir ó na dánta Lesbia. Tá tionchar mór ag a chuid mothúchán air; is é an t-iomlán atá uaidh nó ní bheidh dada aige. Seo a leanas na dánta ábhartha: *The Same*, *Love and Harsh Words*, *The Effects of Love*, *Happiness*, *Love and Hatred*, *A Prayer*. Ba cheart do na scoláirí na dánta dualgais a úsáid chun dul chun cinn an scéil a léiriú: an gliondar atá air ar dtús nuair a thiteann sé i ngrá, an t-amhras agus an éiginnteacht atá air agus go háirithe a chumas a bheith i ngrá agus olc a bheith air san am céanna. Is minic a chuireann sé síos ar an ngrá mar chineál galair nó rud is féidir a bheith gafa leis. Sa dán *A Prayer* cuireann sé síos ar cé chomh diongbháilte is atá sé go leigheasfaí é fiú. Ba cheart go mbeadh a

ndóthain eolais ag na scoláirí ar na dánta sin chun dul chun cinn an chaidrimh a chlúdach agus chun réimse leathan mothúchán Catullus ina chuid dánta, idir dhuairceas agus ríméad, a léiriú.

**Cuntas comhleanúnach. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Tá an dán a scríobh Catullus dá dhearthláir marbh thar a bheith mothúchánach agus léirítear an dlúthchaidreamh a bhí aige leis ann. Is léir sna saothair *Consolation*, *The Same* agus *At A Brother's Grave* go bhfuil sé lách, tuisceanach agus dílis mar chara. Is léir go bhfuil an-bhrón air mar gheall ar bhás a dhearthár agus tá bá aige le daoine eile atá sa bhád céanna leis. Ba cheart do na scoláirí na daoine atá caillte aige féin (bás Lesbia agus bás a dhearthár) agus an bá atá aige le daoine eile ar nós Calvus a lua.

**Plé, 8; Forbairt, 8; Meastóireacht ghinearálta, 4.** **(20 marc)**

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i)

(a) Tá dlúthbhaint idir gearáin agus éilimh. Bhí fearg ar na trúpaí mar níor íocadh an méid a bhí dlite leo, chaith na hoifigigh go brúidiúil leo le linn tréimhse fhada seirbhíse agus níor scaoileadh amach iad nuair ba chóir. Bhí siad in éad leis an nGarda Praetóireach freisin a raibh pá agus coinníollacha i bhfad níos fearr acu. Bhí an tír ina raibh siad ar dualgas garbh agus scoite amach. D'éiligh siad téarma seirbhíse 16 bliana ag a mbeadh bónais ag a dheireadh, pá ceithre sesterce sa ló agus nach nglaofaí ar ais iad tar éis iad a scaoileadh amach. Mhaolófaí na pionóis agus bheadh an obair níos éasca.

**Ceithre phointe. (8, 8, 7, 7.)** **(30 marc)**

(b) In Pannonia léigh Drúsas, mac Thibir, litir amach óna athair ar dtús inar géilleadh ar rudaí áirithe ach inar cuireadh rudaí eile ar athló. Níor shásaigh sé sin na ceannaircigh. Mar sin féin, chuir cuma aisteach na gealaí an oíche sin ina luí ar na fir go raibh "déistin ar na flaithis mar gheall ar na coireanna a bhí déanta acu". Bhain Drúsas leas as sin chun bonn a bhaint ó aontacht na saighdiúirí agus chun a chur ina luí ar go leor acu géilleadh d'údarás. Gheall sé go gcuirfeadh sé toscaireacht chun na Róimhe agus go molfadh sé éisteacht fhabhrach ón Impire. Chuir sé na cinn feadhna chun báis ina dhiaidh sin.
In Germania, ghríosaigh Gearmánacas na fir, a raibh go leor tacaíochta aige uathu, le filleadh ar an smacht ceart. Nuair nár éirigh leis sin d'imigh sé le lámh a chur ina bhás féin lena chlaíomh ach thug a chuid cairde ar ais go dtí a phuball é. Gheall sé go scaoilfí na fir amach as an arm tar éis 20 bliain ach nach mbeadh ach dualgais chosanta le comhlíonadh acu sna ceithre bliana deireanacha agus go bhfaighidís bónais dhúbailte. Bhí ar Ghearmánacas íoc as a chuid airgid féin. Sa Ghearmáin Uachtarach cáineadh é mar níor chuir sé a bhean chéile, Agrippina, agus a mhac, Caligula, amach as contúirt. Sa deireadh, rinne Gearmánacas achainí dheaslabhartha ar na fir ansin agus ghabh siad na cinn feadhna agus mharaigh siad iad.

**Plé, 8; Forbairt, 8; Meastóireacht ghinearálta, 4.** **(20 marc)**

(ii)
(a) Tá ról lárnach ag Agrippina le linn blianta deireanacha réimeas Chláidias agus blianta tosaigh réimeas Néaró. Insíonn Séatóinias agus Tacatas dúinn faoina ról. Eachtraí tábhachtacha: a pósadh le Cláidias; an scéiméireacht agus an chomhcheilg a bhí ar bun aici chun go nglacfaí le Néaró mar oidhre; dúnmharú Chláidias; an tionchar mór a bhí aici ar Néaró i mblianta tosaigh a réimis agus an chaoi ar tháinig sí i gcoróin; an chaoi ar chuir Seinice agus Burras ina coinne; an t-aighneas idir í agus Néaró a raibh a bás mar thoradh air. Ba cheart creidiúint a thabhairt do na hiarrthóirí a bhfuil eolas acu ar a saol sular phós sí Cláidias: an chaoi ar tháinig sí slán le linn réimeas Thibir nuair a fuair tromlach a muintire bás. Léiríonn na heachtraí sin gur duine láidir, cróga, neamhthrócaireach agus sleamhain í.

**Plé, 16; Forbairt, 16; Meastóireacht ghinearálta, 8. (40 marc)**

(b) Is leor fáth maith amháin bunaithe ar na téacsanna. An ceann soiléir ná mífhoighne Néaró a bhí ag dul i méad de cheal féinsmachta nó an t-aighneas díreach faoin gcaoi ar chuir sí a cuid tuairimí in iúl go neamhbhalbh agus go teanntásach.

**Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

(iii)
(a) Ba chóir go ndíreofaí ar theacht chun buaice Shéánas den chuid ba mhó sa fhreagra, lena n-áireofaí: Léirigh Séánas do Thibir nach bhféadfadh sé déanamh dá uireasa agus é ina Mhaor ar an nGarda Praetóireach; mealladh Livilla agus dúnmharú a fir chéile, Drúsas; imeacht Thibir go Capri agus an méid a rinne Séánas lena bheatha a tharrtháil; an ghéarleanúint a rinne sé ar Agrippina agus a leanaí; an chaoi a ndearna sé iarracht Tibir a chur ina n-éadan agus idirghabháil Antonia. Chomh maith leis sin, an cáineadh deiridh a rinne Tibir.

**Plé, 16; Forbairt, 16; Meastóireacht ghinearálta, 8. (40 marc)**

(b) Bhí sé an-úsáideach ag Tibir, fear a bhraith go mór air ar go leor bealaí is cosúil. Bhí sé in ann tacaíocht na nGardaí Praetóireacha a choinneáil, rud nach bhféadfadh Tibir a dhéanamh dá uireasa is cosúil. Chabhraigh sé le Tibir san aighneas le Agrippina agus a leanaí. Mar gheall ar thréithe Thibir bhíothas in ann tionchar a imirt go héasca air. Ba fhear deoranta é nár choinnigh cuideachta le mórán daoine agus bhí sé in amhras faoi beagnach gach duine. Dá bharr sin, bhraith sé an iomarca ar leithéidí Shéánas. Mar gheall ar mheon duairc gruama Thibir, a uaigneas agus atmaisféar an amhrais, go háirithe tar éis bhás Ghearmánacais, bhí teacht ar leith ag Séánas ar an Impire. De bharr go mb'fhéidir gur tharrtháil Séánas a bheatha, breathnaíodh ar Shéánas mar "[fhíor]pháirtí mo shaothar". Thug Tibir cúl leis ansin ar ndóigh, rud a thaispeáin gur duine mídhílis a bhí ann nárbh fhéidir bheith cinnte céard a dhéanfadh sé.

**Dhá phointe. (5, 5.) (10 marc)**

(iv)
Tacatas nó Séatóinias? Is ceist an-oscailte í seo agus beidh go leor ag brath ar an gcaoi a bhfreagraíonn an scoláire féin í. D'fhéadfaí a leanas a áireamh i measc na bpríomhphointí:
I gcás ina roghnaítear Tacatas, seiceálfaidh na scrúdaitheoirí go luaitear an cuspóir láidir morálta a bhí aige a lorg féin a fhágáil ar an stair, an tréith láidir a bhí ann dul thar fóir (le feiceáil in eachtraí amhail teacht chun buaice agus turnamh Shéánas agus básanna Agrippina, Sheinice agus Messalina a ndéantar cur síos cumhachtach orthu) agus raon a chlú trasna Impireacht na Róimhe. Féadfaidh na hiarrthóirí an dearcadh neamhchlaonta atá aige i leith a chuid géillsineach de ghnáth a lua freisin (cé go bhfuil sé rud beag claonta i gcoinne Thibir). Caithfear a rá freisin go mbíonn a chuid fíricí cruinn i gcónaí beagnach. Chomh maith leis sin, ní hamháin go bhfuil Tacatas faoi dhraíocht ag síceolaíocht daoine aonair, tá sé faoi dhraíocht ag síceolaíocht grúpaí freisin (an seanad, an t-arm le linn na gceannaircí sa Ghearmáin agus in Pannonia). Tá sé i bhfad níos eolaí ná Séatóinias ar mhór-réimsí na gcúigí, na léigiún agus na reachtaíochta.

Is féidir brath ar Shéatóinias freisin ó thaobh insint na fírinne de agus is minic a thugann sé fianaise chontrártha go neamhchlaonta fiú. Ach insíonn sé go leor ráflaí agus scéilíní agus dá bharr sin bíonn an cuntas a thugann sé níos bríomhaire, cé nach féidir brath an oiread céanna air. Níl sé inchurtha le Tacatas a bhfuil breithiúnas ard morálta aige agus ní thugann sé breithiúnas géar ar lochtanna an duine mar a dhéanfadh staraí. Is féidir é a léamh go héasca agus cuireann sé siamsaíocht ar fáil de bharr na luaidreáin agus na scéalta scannalacha a insíonn sé faoi na Caesair. Tugann sé léargas iontach dúinn ar shaolta príobháideacha na n-impirí; tugann Tacatas léargas níos leithne dúinn. Is dócha gurb é Séatóinias an duine is éasca lena léamh.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach

(i)
I measc na gcineálacha grinn atá sa dráma *Froganna* tá mugadh magadh – feisteas seafóideach Dhiníseas, an chaoi a bhfuil sé ag siúl a fhad is atá a sclábhaí ar an asal, scéalta grinn faoi bhromanna, spuaiceanna ar a thóin etc., an sclábhaí dána, claidhreacht agus amaideacht Dhiníseas, na leath-thagairtí gnéis, an madra beag bocht Ceirbearas, Diníseas agus Xanthias ag malartú áite i bpálás Phlútón, filíocht a mheas,

Imeartas focal a dhéanamh (na bealaí éagsúla a d'fhéadfadh Diníseas a úsáid le dul go dtí an Domhan Thíos)

Tá greann osréalach le feiceáil sa chorpán atá ina shuí agus a dhéanann margáil le Diníseas féachaint lena threalamh a thabhairt go dtí an Domhan Thíos. Is féidir cór na bhfroganna atá ag ceol faoina iontaí is atá a gcuid ceoil a lua freisin.

Greann atá dírithe go díreach ar an lucht féachana (tá dúnmharfóirí agus gadaithe sa Domhan Thíos.) Déanann Diníseas achainí ar an sagart a bhfuil sé beartaithe aige deoch a bheith aige leis tar éis an tseó.

An aoir atá dírithe ar na ginearáil agus na polaiteoirí a dhéileáil go dona leis an gcathair le linn an chogaidh le Sparta – "b'fhearr bheith mar cheannasaí Aithneach ag Arginusae!" Goineoga a chaitear le saoránaigh na hAithne a bhfuil grá acu d'Alcaibiaidéas ar dtús, agus ansin a bhfuil an ghráin acu air, agus leis na polaiteoirí atá anois i bhfeighil na cathrach a ndéantar cur síos orthu go searbhasach mar "ionraic, cumasach agus tírghrách".

Grean intleachtach atá dírithe ar stíleanna éagsúla an dá fhile, an magadh faoi dhrámaí cáiliúla na hAithne ar a mbeadh an-chur amach ag an lucht féachana ar ndóigh, e.g. cuireann Aescaileas "chaill sé a bhuidéal ola" isteach i ngach prológ de chuid Eoiripidéas.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(ii)
Na tuairimí éagsúla atá ag fir agus mná faoin bpósadh sa dráma *Méide.*

Is sa phrológ a chloisimid an chéad tuairim sa dráma: tugann an bhanaltra a tuairim faoi bheirt bhuachaillí Iasón agus Mhéide. Deir sí go raibh Méide umhal d'Iasón i gcónaí agus "i bpósadh, gurb ionann sin" nuair a ghlacann bean chéile le toil a fir chéile. Feicimid mar sin, fiú i gcás mná, go bhfuil tábhacht le humhlaíocht na mná céile má tá rath le bheith ar an bpósadh. Mar sin féin, is cinnte go bhfuil an bhanaltra den tuairim go ndearna Iasón feall ar a chuid geallúintí mar thréig sé Méide ar mhaithe le Glauce, banphrionsa na Corainte. Tá sé tábhachtach a shonrú anseo gur thug sé mionnaí di os comhair dhéithe na dílseachta agus go bhfuil siad briste anois aige.

Faighimid an chéad tuairim eile faoin bpósadh ón teagascóir, duine níos soiniciúla agus níos oibiachtúla a deir gur gnáthrud é feall Iasón ar Mhéide – "An ann d'fhear nach bhfuil ciontach?"

Tagann cór na mban Corantach ansin agus cloiseann siad faoina bhfuil tarlaithe. Tá trua acu do Mhéide, ach deir siad freisin "Is gnáthrud é sin; cén fáth a gcuireann sé isteach ort?" Feicimid mar sin gur gnáthrud é go bhfágfadh fear céile a bhean chéile ar mhaithe le duine éigin nua agus nach fiú a bheith oibrithe faoi. Mar sin féin, is cinnte gur ar mhaithe le Méide iad agus deir siad le hIasón ar ball nach raibh sé de cheart aige a bhean chéile a fhágáil. In óid chórúil ar ball guíonn siad go mbeidh siad in ann saigheada milse na drúise a thagann ó Afraidíté a sheachaint mar is féidir leo scrios a dhéanamh ar shaolta daoine.

Tugann Méide óráid iontach ansin don chór faoin bpósadh, go háirithe faoin gcaoi a bhfuil sé míchothrom do mhná. Cuireann sí síos ar an gconradh pósta mar bhean a bheith "ag ceannach" fir (an spré atá i gceist aici) agus nuair a fhaigheann sí amach nach bhfuil aon mhaith leis, tá sé ródhéanach – níl aon mheas ar bhean a fhaigheann colscaradh. Deir sí nach féidir le bean siamsaíocht a lorg taobh amuigh den teach ach gur féidir le fear a leithéid a dhéanamh. Cuireann sí in iúl go feanntach ansin nach bhfuil aon chiall leis an údar atá ag an bhfear an bhean a choinneáil slán sa bhaile nuair a chuimhnítear ar bhreith clainne. "B'fhearr liom seasamh faoi thrí sa líne tosaigh ná páiste amháin a thabhairt ar an saol." Ní dócha go raibh an dearcadh sin ar an bpósadh ag mná sa saol ársa de ghnáth. Is é is dóichí go gcuirfeadh sé alltacht ar an lucht féachana agus go mbeadh sé ina chíor thuathail. Úsáideann Méide an argóint sin le go dtacóidh an cór léi agus le go bhfanfaidh siad ina dtost a fhad is a bhaineann sí díoltas amach ar Iasón.

Tugann Iasón dearcadh an fhir ar an bpósadh dúinn. An t-údar a thugann sé le Méide a fhágáil ar mhaithe le Glauce ná chun slí mhaireachtála níos fearr a bhaint amach. Maíonn sé go bhfuil sé ag comhlíonadh a dhualgais, ag soláthar do Mhéide agus do na leanaí agus gur ar mhaithe léi féin agus leis na leanaí an pósadh. "Theastaigh uaim a chinntiú go mbeadh saol maith againn agus nach mbeimis bocht" agus deir sé níos déanaí gur theastaigh uaidh "seasmhacht a chur ar fáil". Deir sé gur breá na mná má tá gach rud i gceart lena gcaidreamh gnéis ach mura bhfuil, gur uafásach iad. B'fhearr leis dá bhféadfaí leanaí a fháil ar bhealach eile seachas le mná.

D'eagraigh Creon pósadh Glauce agus Iasón ar mhaithe leis an gcomharbas agus an ghiniúint. Le linn comhrá le Aegeus faoin bhfáth nach bhfuil aon chlann air is díol suntais é go bhfiafraíonn Méide de an bhfuil bean aige. Tugann sé sin le fios dúinn gurb é an ról is tábhachtaí atá ag an mbean leanaí a thabhairt ar an saol.

Nuair a thugann Méide amach d'Iasón, is díol suntais é go ndeir sí nach bhfuil aon mheas a thuilleadh ar "bhean chéile Áiseach" agus é ag dul in aois. Is é an rud is measa, dar léi, gur bhris sé mionn agus is eisean a bheidh thíos leis anois mar gheall ar a easpa dílseachta di sa phósadh.

Is díol spéise é gurb é ceann de na húdair bhróin is mó atá ag Méide nach mbeidh sí i láthair ag bainseacha a beirte mac. Ní féidir linn glacadh leis gur tuairimí coitianta i measc na bhfear agus na mban sa tSean-Aithin na tuairimí i leith an phósta sa dráma. Ní féidir i ndáiríre breathnú ar Mhéide mar ghnáthbhean sa tSean-Aithin. Mar sin féin, léirítear codarsnacht spéisiúil sa dráma idir dearcadh Iasón ar na bpósadh, is é sin gur bealach é le dul chun cinn sóisialta a dhéanamh, agus dearcaí na mban sa dráma atá i bhfad níos dírithe ar an dílseacht agus na mothúcháin a bhaineann leis an bpósadh.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(iii)
Cuireann Oceanus, dia na farraige agus athair an chóir, an chomhairle seo ar Phroiméitéas. Féadfaidh na scoláirí an cás a dhéanamh ar son nó in aghaidh úsáideacht na comhairle sin.

Ar son: Is seanchara maith Oceanus le Proiméitéas. Tá sé gaolta leis agus is ar mhaithe leis atá sé. Tá Proiméitéas i ndroch-chaoi. Tá sé ceangailte le slabhra i Sléibhte Cugais, daortha chun saol síoraí lán uaignis agus péine. Tá cuma mhaith ar chomhairle Phroiméitéas – d'fhéadfadh go scaoilfí saor Proiméitéas má bhíonn rath air. "Níl san fhearg ach galar is féidir le focail a leigheas" a deir Oceanus. Ní duine stuama é Proiméitéas agus déanann sé an scéal níos measa trí bhagairt ar Shéas. Is réiteoir maith Oceanus atá den tuairim gur féidir fiú an t-achrann is nimhní a réiteach agus tá muinín aige as a chumhachtaí idirbheartaíochta. Tá sé sásta é sin a dhéanamh do Phroiméitéas fiú ach diúltaíonn Proiméitéas go drochmhúinte dá chúnamh. Tuigeann Oceanus fírinne an scéil agus tugann sé moltaí praiticiúla dá chara dul i dtaithí ar fhírinne nua (riail Shéas) agus gníomhú dá réir. Níl aon rún ag Proiméitéas, áfach, glacadh lena chomhairle. Tá sé in umar na hainnise is cosúil agus tá sé den tuairim nach bhfuil ach an t-olc ag baint le Séas: "Ólfaidh mé mo chupán péine go dtí an dríodar". Tá an oiread oilc ar Phroiméitéas nach féidir leis fiú cuimhneamh ar chomhréiteach a fháil le Séas.

Téann sé siar ar easpa buíochais Shéas agus maíonn sé go bhfuil drochmheas ag Séas ar gach duine, Io san áireamh. Deir Heirméas nach bhfuil "aon neart ag ceanndánacht amadáin aisti féin" agus go bhfuil Proiméitéas ró-cheanndána le glacadh le comhairle stuama Oceanus.

In aghaidh:

Tugann Oceanus an chomhairle seo de mheon macánta, ach ní comhairle mhaith í do dhuine a bhfuil prionsabail Phroiméitéas aige. Tá sé ró-ard-aigeanta agus ródhílis dá phrionsabail le cuimhneamh ar ghéilleadh agus le dul i dtaithí ar chóras nua. D'fhéadfadh an chomhairle a bheith úsáideach do dhuine éigin eile, ach ní do dhuine nach bhfuil dílis dá chúis. Tá sé spréachta mar gheall ar an gcaoi a gcaitheann Séas le daoine agus leis féin agus, dá bhrí sin, bheadh sé ina fheallaire dá "rachadh sé i dtaithí" ar chóras nua. Ní comhairle mhaith í sin dar le Proiméitéas féin. Léirítear an drogall atá air glacadh leis an gcomhairle sin sa mhéid a deir sé níos déanaí le Heirméas: "Ní athróinn an drochbhail phianmhar atá orm ar choinníoll ar bith ar mhaithe le d'umhal sclábhánta". B'fhearr le Proiméitéas céasadh ar bith ná géilleadh ar a phrionsabail. B'fhearr leis a thuilleadh céasta ná géilleadh do Shéas. Mar sin, níl comhairle Oceanus, ar comhairle stuama í is cosúil, cuí i gcás Phroiméitéas mar is duine láidir prionsabal agus duine diongbháilte é. Féadfaidh na scoláirí aird a tharraingt ar an gcur amú ama a bhaineann le comhairle a chur ar dhia a dhéanann machnamh roimh ré.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

(iv)
Déan anailís ar an gcaidreamh idir Éideapús agus Creon.

An chéad uair a chloisimid caint ar Creon, deartháir céile an phríomhcharachtair Éideapús, táthar tar éis é a chur go Deilfe lena fháil amach an méid atá le rá ag Apalló faoin gcúis atá leis an bplá agus faoin gcaoi lena stopadh. Da bhrí sin, is duine iontaofa é, ach tá Éideapús ag éirí mífhoighneach agus tá sé den tuairim go bhfuil sé ag tógáil tamall rófhada air. Tá ríméad air nuair a fhilleann sé le bláthfhleasc amhail is go bhfuil dea-scéal aige. Feicimid ar an bpointe go bhfuil dhá stíl éagsúla ag an mbeirt fhear. Baintear siar as Creon mar tá Éideapús ag iarraidh air an dea-scéal a thabhairt os comhair shaoránaigh na Téibhe. Tá Creon níos cúramaí agus níos discréidí agus fiafraíonn sé de arbh fhearr dul isteach. Ach teastaíonn ó Éideapús nach mbeadh aon rún ann.

Tá an chuma air gur dea-scéal é agus tá Éideapús muiníneach gur féidir an dúnmharfóir a aimsiú agus a ruaigeadh. Céim an-diúltach atá sa chéad chéim eile den chaidreamh idir an bheirt fhear. Tar éis go ndiúltaíonn Tiresias, an fáidh dall, an t-eolas atá aige a thabhairt dó, creideann Éideapús go bhfuil an bheirt fhear, Creon agus an fáidh dall, i mbun comhcheilge ina aghaidh agus ag iarraidh go gcúiseofaí go héagórach é i ndúnmharú. Ceapann sé go bhfuil sé an-amhrasach nár fhiosraigh Creon riamh an dúnmharú. Is léir dó gurb é Creon a d'imigh go Deilfe, gurb é Creon a ghríosaigh é le fios a chur ar Tiresias agus, thar aon ní eile, gur chun leas Creon a bheadh a náire mar bheadh sé mar an gcéad rí eile.

Is é an príomhradharc ina bhfuil an bheirt fhear ná nuair atá cloiste ag Creon go bhfuil Éideapús ag cur comhcheilge ina leith agus tagann sé isteach chun é féin a chosaint. Is léir go raibh dea-chaidreamh idir an bheirt fhear san am a caitheadh sa chaoi is gur roinn Éideapús cumhacht go cothrom lena bhean chéile, Jocasta, agus a deartháir, Creon Tugann

Creon le fios go raibh na buntáistí ar fad a bhaineann le bheith ina rí aige agus nach raibh aon imní ná freagracht air. Fiafraíonn sé d'Éideapús an fáth a mbeadh sé ag iarraidh é sin a athrú. Ach is beag muinín atá ag Éideapús ina dhearthair céile a thuilleadh agus is ar ordú na saoránach amháin a scaoileann sé saor é, go han-drogallach. Nuair a thagann Jocasta tá sí croíbhriste mar gheall ar an achrann seo idir an bheirt fhear agus cosnaíonn sí a dearthair.

Ní chastar ar a chéile arís iad go dtí go bhfuil an fhírinne amuigh agus an uair sin, is é Éideapús atá ag achainí, ag impí ar Creon é a dhíbirt agus aire a thabhairt dá bheirt iníonacha. Tá cúpla pointe spéisiúil le sonrú ina gcaidreamh anseo. Ar an gcéad dul síos, déanann Éideapús iarracht a rá leis an méid ba cheart dó a dhéanamh, ach ní ghlacfaidh Creon le horduithe. Ar an dara dul síos, caitheann Creon gob leis agus é ag glacadh leis go gcloífidh sé anois le horduithe an dé. Tá sé cineálta le hÉideapús sa chaoi is go ligeann sé dó barróg a bhreith ar a iníonacha, ach níos tábhachtaí fós, ní ofrálann sé a lámh mar chomhartha go ndéanfadh sé an méid a iarrann Éideapús air.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10.** **(50 marc)**

## Topaic 6. An Epic Ársa.

(i)

(a)Tá Odaiséas faoi cheilt mar bhacach agus tá éirithe leis seans a fháil ar shreang a chur leis an mbogha mór chun ceiliúr pósta a chur ar Phéinealaipé. Tá ionadh an domhain ar na Suirígh nuair a chaitheann sé saighead trí na tuanna. Sula dtuigeann na suirígh a bhfuil ag tarlú, caitheann Odaiséas saighead eile trí scornach Antinous. Tá mearbhall ar na suirígh agus ceapann siad gur timpiste a bhí ann. Léiríonn Odaiséas ar deireadh cén cineál duine atá ann, agus tá na suirígh scanraithe. Níl aon bhealach amach acu mar tá glas curtha ag Philoetius ar an doras tosaigh agus tá na doirse go dtí ceathrúna na mban glasáilte ag Eomaes. Déanann Eurymachus iarracht Odaiséas a chur ar a shuaimhneas agus é ag rá gurbh é Antinous an t-aon drochdhuine acu, ach tugann Odaiséas le fios nach gcoinneoidh sé aon duine acu ina mbeatha. Tugann Eurymachus fogha faoi Odaiséas ansin, ach leagann saighead eile é. Leagtar Amphinomus ansin, le sleá Telemachus. Imíonn mac Odaiséas le tuilleadh sciath agus claimhte a fháil ón seomra stórais chun Eomaes agus Philoetius a armáil, ach déanann sé dearmad é a chur faoi ghlas ar a bhealach amach. Tagann Melanthius chomh fada leis an seomra stórais agus faigheann sé airm nua do na suirígh. Ní bhíonn an t-ádh céanna leis an dara huair a théann sé go dtí an seomra stórais, áfach, mar tagann Eomaes agus Philoetius air, cuireann siad i gceangal é, agus cuireann siad faoi ghlas sa seomra é. Tá cath iomlán faoi lán seoil i halla an pháláis anois. Tagann Aitéiné i láthair agus í faoi cheilt mar Mentor. Gríosaíonn sí Odaiséas ach ní ghlacann sí féin páirt go fóill – b'fhearr léi neart Odaiséas a thástáil. Caitear rois sleánna, agus maraíonn Odaiséas agus a chuid fear roinnt suiríoch. Ní bhaineann ach gortuithe beaga díobh féin. Glacann Aitéiné páirt sa chath ansin agus cuirtear deireadh sciobtha leis. Coinníonn Odaiséas an cliaraí Phemius agus an teachtaire Medon ina mbeatha mar is le drogall a ghlac siad páirt i ndrochiompar na suiríoch. Impíonn an sagart Leodes trócaire air ach maraítear é.

**Cuntas comhleanúnach ar an gcath. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Aontóidh an chuid is mó de na scoláirí go raibh cinniúint na Suiríoch tuillte acu. Mar ghrúpa tháinig siad i dtír ar eastát Odaiséas, rinne siad géarleanúint ar Phéinealaipé, bhí siad ag beartú Telemachus a mharú agus thug siad drochíde d'fhear ar cheap siad gur bacach a bhí ann. Ó thaobh na ndaoine aonair de, ba iad Antinous agus Eurymachus ba mhó a raibh olc iontu agus ba iad ba dhrochbhéasaí, chaith Ctsessipus crúb bó le hOdaiséas agus rinne Melanthius ionsaí air. Mar sin féin, b'fhéidir go gceapfaidh roinnt scoláirí go ndeachthas thar fóir nuair a crochadh na banseirbhísigh mar a bheadh éisc mharbha iontu. Bhí caidrimh acu leis na Suirígh agus scaoil duine acu rún fíodóireachta Phéinealaipé, ach is féidir a áitiú nach raibh mórán de rogha acu ó thaobh na dílseachta de mar ní raibh iontu ach cailíní aimsire.

**Dhá chúis agus iad mínithe. (10, 10) (20 marc)**

(ii)

(a) Tá dílseacht láidir Aeinéas le moladh. Tá go leor samplaí dá dhílseacht le sonrú tríd an eipic: maraíonn sé fianna dá chuid fear nuair a thagann siad go dtí an Afraic, tugann sé ardú meanman do na fir cé go bhfuil a chroí trom i Leabhar 1, diúltaíonn sé imeacht ón Traí d'ainneoin na comhairle é féin a thabhairt slán, a dhílseacht dá athair agus an chaoi a n-iompraíonn sé amach as an gcathair é, diúltaíonn sé fleá a chaitheamh nó go bhfaightear a mhac ón long, imíonn sé ó Dhíodó nuair a ordaíonn na déithe dó é sin a dhéanamh, a dhílseacht do chuimhne a athar sa tSicil, an chaoi a dtéann sé síos go cróga go dtí an Domhan Thíos, an comhrac a bhí aige in aghaidh na Laidineach agus na nIodálach chun a ríocht a bhuachan, an díoltas a bhaineann sé amach mar gheall ar bhás Phallas. Tríd an eipic ar fad, is é a threoirphrionsabal ná an misean atá aige an Iodáil a bhaint amach agus ríocht nua a bhunú do na Traígh. Tá dlúthbhaint ag a dhílseacht do na déithe agus dá mhuintir ag gach a ndéanann sé.

**Plé, 16; Forbairt, 16; Meastóireacht ghinearálta, 8. (40 marc)**

(b) Is féidir leis na scoláirí argóint a dhéanamh ar a rogha tuairime maidir leis an gceist seo. Má áitítear gur carachtar níos suimiúla é: is féidir a áitiú gur thug a mhisean agus a dhílseacht gné eile d'Aeinéas mar laoch. Ní gléas maraithe é a théann chun troda agus a fhaigheann an bua gan cuimhneamh ar a bhfuil á dhéanamh aige. Is carachtar níos suimiúla é mar tugadh misean dó agus caithfidh sé glacadh leis cé nach n-oireann sé dó go pearsanta. Feicimid go mbíonn sé amhrasach agus éiginnte uaireanta, fiú éadóchasach, agus uaireanta caithfidh sé nithe a dhéanamh nach dteastaíonn uaidh a dhéanamh chun a dhualgas a chur i gcrích. Má áitítear gur carachtar é nach bhfuil chomh suimiúil: D'fhéadfaí a áitiú gur laoch níos spéisiúla é Turnus ná Aeinéas. Is carachtar simplí, ionraic é a chosnaíonn a mhuintir agus atá i ngrá le Lavinia, agus troideann sé ar a son. Os a choinne sin, tá Aeinéas srianta mar gheall ar ualach na cinniúna atá á iompar aige. Ciallaíonn sé sin nach minic gur féidir leis nithe a dhéanamh gan choinne agus tá an chuma air gur duine é atá faoi smacht a chinniúna in ionad duine atá ag gníomhú as a stuaim féin.

**Pointe amháin a bhfuil forbairt mhaith déanta air. (10 marc)**

(iii)

(a) Is leor meascán éigin de na fáthanna seo a leanas chun lánmharcanna a fháil: Cuirtear an dubh ina gheal ar na Traígh mar gheall ar bhréaga cliste Sinon agus cinniúint uafásach Laocoön agus a mhic. Tá inscríbhinn ar an gcapall ina ndeirtear gur ofráil-altaithe é d'Aitéiné de thoradh turas slán abhaile agus bíonn na Traígh ag argóint ar dtús faoi céard ba cheart a dhéanamh léi. Caitheann Laocoön sleá leis an gcapall agus deir sé gur cheart bheith airdeallach ar Ghréagaigh a thugann bronntanais. Tagann Sinon i láthair ansin, é curtha ansin faoi cheilt ag na Gréagaigh mar "íospartach" a tháinig slán sula ndearnadh íobairt dhaonna de. Cuireann Sinon ina luí ar na Traígh gur scuibhéir de chuid Palamedes (a labhair amach i gcoinne Chogadh na Traí) agus namhaid de chuid Odaiséas (a raibh an ghráin ag na Traígh air) a bhí ann. Deir sé go ndearna Odaiséas éagóir air agus tá trua acu dó. Míníonn sé ansin go bhfuil na Gréagaigh imithe ar ais mar gheall ar an bhfearg atá ar Aitéiné, (ach go ceann tamaill amháin), go bhfuil cumhachtaí speisialta ag an gcapall agus go ndearna na Gréagaigh an capall chomh mór sin in aon turas sa chaoi is nach bhféadfadh na Traígh é a thabhairt isteach trí na ballaí acu. A fhad is atá sé ag míniú, tagann péire péisteanna amach as an bhfarraige agus maraíonn siad Laocoön, rud a chuireann ina luí ar na Traígh an capall a thabhairt isteach. Míníonn Aeinéas gur dócha gur chuir na déithe ina dtost iad agus meascán mearaí orthu sa chaoi is go dtabharfaidís isteach an capall.

**Meascán gearr de na fáthanna ach iad mínithe go maith. (10 marc)**

(b) Tá Veirgil ina mháistir ar an gcur síos ar fhulaingt agus brón. Seo a leanas cuid de na samplaí is fearr ó Leabhar II: An brón atá ar Aeinéas agus é ag cuimhneamh ar na heachtraí sa Traí; íomhá ghruama Cassandra a rinne iarracht a chur ina luí ar na Traígh gan an capall a thabhairt isteach sa chathair; básanna Laocoön agus a bheirte mac; teacht i láthair thaibhse Eachtair; cuairt Panthus ar Aeinéas; gabháil Cassandra agus básanna Coroebus agus a chomrádaithe ina dhiaidh sin, maraithe trí bhotún ag a gComh-Traígh; básanna Polites agus Priam; imeacht Creusa agus dianchuardach Aeinéas uirthi. Ní mór do na scoláirí béim a chur ar an gcur síos cumhachtach ar na heachtraí.

**Plé, 16; Forbairt, 16; Meastóireacht ghinearálta, 8. (40 marc)**

(iv)

Tá an domhan a léirítear san epic *An Táin* an-difriúil leis an domhan san *Odaisé*. Tá an *Táin* lán le cathanna agus seachas caibidil chogar an philiúir a chuireann tús leis an scéal, tarlaíonn an chuid is mó den scéal amuigh faoin aer ar láthair na cogaíochta. Saol na bhfear seachas saol na mban atá faoi chaibidil i ndáiríre, is laoch fíochmhar í Méabh fiú. Is beag léargas a fhaighimid ar shaol an teaghlaigh nó ar nithe saolta. Tá an bhéim ar fad, a bheag nó a mhór, ar an aighneas leanúnach idir Cú Chulainn agus arm Mhéabh agus tá a lán foréigin ann. Os a choinne sin, déantar cur síos san *Odaisé* ar shonraí deasa shaol an teaghlaigh, aicmí sóisialta, cúraimí agus slite beatha; déantar cur síos go mion ar ghnáthrudaí laethúla fiú, amhail cathaoireacha, boird agus éadaí. Is beag comhrac atá san *Odaisé*. Tá an chuid is mó den epic suite i bpáláis Ithaca agus mhuintir Phaeacia áit a bhfoghlaimímid go leor faoi nósanna amhail an fáilteachas agus bronntanais a thabhairt. Ar an iomlán, tá saol na *Tána* níos simplí agus déantar cur síos leathan air i gcomparáid leis an saol san *Odaisé*.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí

(i)

(a) Sa dá dhán seo, déanann Veirgil a mhór de shaol na tuaithe agus is cosúil go gceapann sí go bhfuil sé níos fearr ná saol na cathrach ar go leor bealaí. Sa dán *Féilire Feirmeora* molann sé na buanna seo a leanas: an fear agus a bhean le linn thráthnónta fada an gheimhridh, ag obair taobh leis an tine, ag gearradh adhmaid agus ag fí nó ag déanamh fíona, an sásamh a bhaintear as baint an tsamhraidh, an fiach san fhómhar agus an fleá a chaitear sa gheimhreadh. Sa dán *Sonas na Tuaithe* samhlaíonn sé teach teolaí ceann tuí in aice leis an uisce agus leis an gcoill, áit faoi scáth a ndéantar na déithe a adhradh i bhfad ó bhuairt an tsaoil. An fear atá gar don nádúr, dar leis, is fear sona é nach bhfuil faitíos air roimh an gcreideamh agus nach mbíonn caimiléireacht ó thaobh na cumhachta ná an dlí ar bun aige. Ní bhíonn air a bheith ag déanamh imní faoin bpolaitíocht ná faoi chogadh, ní bhíonn sé in éad le lucht an airgid agus ní bhíonn trua aige do na boicht. Tá meas ag Veirgil ar an neamhspleáchas, gan spleáchas ar earraí iompórtáilte. An fear a bhfuil cónaí air faoin tuath ní bhíonn sé ag goid airgid ó dhaoine eile agus ní ghlacann sé le breabanna, níl sé ina ghiolla ag saol na bhfuíoll agus ní bhíonn sé ag cuardach thacaíocht an tslua. Níl aon olc ann agus is féidir leis saol breá a chaitheamh ach tá a choinsias glan. Tá sé sásta lena bhean agus a chlann agus oibríonn sé go crua ar feadh na bliana, ach ligeann sé a scíth in éineacht lena chlann ionúin agus baineann sé sult as laethanta féile – spraoi soineanta, fíon a ól agus comórtais ar nós boghdóireachta agus coraíochta. Cuireann sé an saol sin i gcomparáid le saol na Saibíneach fadó, saol simplí ach suáilceach agus saor ó chogadh agus achrann.

**Plé, 16; Forbairt, 16; Meastóireacht ghinearálta, 8. (40 marc)**

(b) Féadfaidh na scoláirí aontú nó easaontú anseo, ach déarfaidh an chuid is mó acu nach tuairisc réadúil ar shaol na tuaithe atá ann. Chomh fada is go dtagraíonn siad don téacs agus iad ag tabhairt cúiseanna lena bhfreagra is cuma má aontaíonn nó easaontaíonn siad. D'fhéadfaí a áitiú gur saol gnóthach agus fiúntach saol an fheirmeora, gur beag deis chaimiléireachta a bhíonn ann i gcomparáid le saol na polaitíochta nó an dlí agus gur saol folláin, nádúrtha agus sláintiúil é. Ar an taobh eile den scéal, ní thráchtann Veirgil ar na deacrachtaí a bhaineann le saol na feirmeoireachta a chor ar bith. Ní luaitear triomach ná ganntanas. Tá go leor fianaise sa dá dhán ar an dearcadh maoithneach ar shaol na tuaithe. Is féidir tagairt a dhéanamh do dhánta eile freisin.

**Dhá chúis. (5, 5.) (10 marc)**

(ii)

(a) Tá cur síos simplí de dhíth. D'fhág Horáit an Róimh i gcuideachta Héileadóras agus thug siad aghaidh ar Aricia don oíche, agus ar aghaidh ina dhiaidh sin go dtí an Bealach Appiach áit ar shocraigh siad an turas a roinnt ina dhá lá. Chinn Horáit go pusach gan rud ar bith a ithe toisc go raibh sé in amhras faoin mbia. Ina dhiaidh sin thosaigh raic – bhí na báirseoirí ag cur daoine ar bord, ag fáil a dtáillí agus ag ullmhú na miúile don turas. Agus an báirse ag gluaiseacht leis, choinnigh an torann ó na hainmhithe san uisce ina shuí é. Chas beirt seanfhear amhráin bhrónacha. Thit duine acu ina chodladh agus bhí sé ag srannadh go

glórach. Thit an báirseoir ina chodladh freisin, tar éis a mhiúil a scaoileadh agus é a chur ar féarach. Ar aghaidh leo a fhad le Feronia agus Anxur, áit ar chas siad le Maecenas and Veirgil. Tosaíonn súile Horáit ag cur as dó. In Sinuessa, buaileann siad le Plotius Tucca agus Varius Rufus. Bhí gliondar croí ar Horáit a chairde a fheiceáil. Chuaigh siad go Capua ina dhiaidh sin, áit ar tháinig pian i mbolg Veirgil. D'imir an chuid eile leadóg. In Beneventum, chuir an cócaire an chistin trí thine trí smólaigh a chócaráil. Téann siad go teach Trivicus, áit a bhfuil an tine ag loscadh go dona le lomáin ghlasa. Ar aghaidh leo ansin go baile atá chomh barbartha sin nach féidir leis a ainm a rá. Is daoire an t-uisce ná an fíon ann, agus is deacair arán a fháil ann fiú. Níl bia maith ar bith ag Canusium. B'fhearr iarracht a dhéanamh cloch a ithe.

**Cuntas comhleanúnach ar an turas. (12, 12, 11.) (35 marc)**

(b) Féadfaidh na scoláirí aontú nó easaontú go hiomlán anseo chomh fada is go dtagraíonn siad don téacs agus iad ag tabhairt cúiseanna lena bhfreagra. Mar sin féin, d'fhéadfaí aontú agus easaontú san am céanna freisin. Na príomhphointí: dearcadh Horáit i leith cairdis; is léir go bhfuil sé dílis dá chairde agus tá an-chion aige orthu; deir sé nach bhfuil a dhath níos fearr sa saol ná comhluadar dlúthchara. Tá féith an ghrinn ann freisin agus déanann sé cur síos greannmhar ar na fir ólta ar an mbáirse, an chistin trí thine agus an mhiúil nár chorraigh ar feadh na hoíche. Is féidir leis gáire faoi féin; mar shampla, luann sé go híorónta an chaoi a n-ithe daoine eile ach tá seisean róchairéiseach le lámh a leagan ar an mbia. Pointí diúltacha is féidir a lua: is cosúil go bhfuil sé an-cháiréiseach (e.g. torann na feithide san oíche, caighdeán an bhia taobh amuigh den Róimh, a ionfhabhtú súile) agus is cosúil gur breá leis saol na bhfuíoll. Cé gur breá leis an tuath ina dhánta eile, tá sé ag casaoid fúithi anseo.

**Dhá chúis agus iad mínithe. (8, 7.) (15 mharc)**

(iii)
(a) Sa dán *Réamhrá* déanann Livias cur síos ar an easpa luachanna sa Róimh lena linn féin. Tosaíonn sé amach ag rá go bhfuil an Róimh ag alpadh siad a cuid acmhainní chun a haimhleasa féin. Deir sé go bhfuil meath morálta ar an gcathair, go bhfuil na caighdeáin tite go mór; deir sé nach féidir leo a gcuid lochtanna ná an leigheas atá orthu a sheasamh. Cuireann sé an milleán ar an suarachas agus an diomailteacht atá dulta i méad, an tsaint agus an saibhreas iompórtáilte agus maíonn sé go bhfuil an baol ann go scriosfaidh an Róimh í féin. Deir sé go bhfuil deireadh leis an tíosaíocht agus an tsimplíocht – a mhalairt atá i réim anois agus fágann sin iarmhairtí tubaisteacha ar an Róimh.

**Dhá phointe fhorbartha. (10,10.) (20 marc)**

(b) Baineann Livias leas as a chuid scéalta faoin stair ársa chun béim a leagan ar cháilíochtaí áirithe agus tá súil aige go ndéanfaidh na Rómhánaigh nua-aimseartha aithris ar na cáilíochtaí sin. Tá meas aige ar mhisneach, tírghrá, comhoibriú agus síocháin idir na haicmí éagsúla. Is iad na sleachta ábhartha anseo *Horatius ar an Droichead* agus *Cogaíocht Aicmeach*. Seo a leanas na cáilíochtaí a d'fhéadfaí a lua leis: misneach fisiceach den scoth Horatius agus an chaoi a gcuireann sé sábháilteacht na cathrach roimh a bheatha féin; a mhisneach morálta; a

dhílseacht agus a thiomantas don leas coiteann, fiú nuair is beag seans atá aige; an chaoi a bhfanann sé stuama agus é faoi bhrú; an íobairt a dhéanann sé ar mhaithe le leas an phobail. Sa dán *Cogaíocht Aicmeach* is iad seo a leanas na cáilíochtaí a sheasann amach (arís): an chaoi a bhfuil sé toilteanach é féin a íobairt ar mhaithe leis an leas coiteann, an chaoi a ndéanann sé an rud ciallmhar – ní ar mhaithe leis féin atá sé, agus thar rud ar bith eile, an cumas atá ann géilleadh agus an rud ceart chun leas a phobail féin a dhéanamh in ionad chun a leasa féin.

**Plé, 12; Forbairt, 12; Meastóireacht ghinearálta, 6. (30 marc)**

(iv)

Is dóigh go n-aontóidh formhór na scoláirí leis an ráiteas seo. Mar sin féin, d'fhéadfaí aontú agus easaontú san am céanna freisin. Cé go bhfuil eisceachtaí ann, tá meon spórtúil agus spraíúil i leith an ghrá ag Óivid den chuid is mó. Sa dán *Advice to Women* cuireann sé comhairle spraíúil ar mhná cuma níos fearr a chur orthu féin mar tá na fir éirithe an-leitheadach maidir leis an gcuma atá orthu féin. Sa dán *The Art of Love* tá sé ag magadh faoin gcaoi a bhfuil mná ina ann airgead agus bronntanais a fháscadh as fir trí chleasaíocht agus caimiléireacht, ach tugann sé le fios go mbíonn roinnt cleasaíochta ar bun aige féin. Sa dán seo, tá a chaidreamh mar a bheadh comórtas ann féachaint cé is fearr ag na "cleasanna mallaithe". Deir sé freisin gurb ann do chúpla bean a bheadh sásta le dán nó amhrán, ach nach bhfuil sa tóir ar shaibhreas. Ar an taobh eile, tá meon díocasach ag Proipeirtias i leith Cynthia, bean a bhfuil gean ar leith aige uirthi. Deir sé "Ní bheidh aon chogadh agam seachas cogadh an ghrá". Breathnaíonn sé ar an ngrá mar rud contúirteach, ach thar rud ar bith eile, rud pianmhar. Deir sé go bhfuil sé céasta ag íomhá Chúipid a fheiceann sé 'i ngach áit'. An cailín a bhfuil sé ag titim i ngrá léi, deir sé gur "rugadh í chun é a ghortú". Sa dán *Gone* tá sé spréachta lena leannán a d'fhág é. Deir sé go mbeidh rí an ghrá ón lá inné, de thoradh na cinniúna, ina amadán amárach. Is léir sa dán *Gone to Clitumnus* go bhfuil Cynthia faoi bhos an chait aige cé go gceapfá go bhfuil atmaisféar an dáin éadrom. Is iad an dá dhán is dorcha uaidh ná *Cynthia is Dead*, a bhfuil gné scáfar dhuairc ag baint leis ina mbíonn sé ag brionglóideach faoina leannán marbh agus ina gcaoineann sé "impireacht fhuar a leapa", agus an dán *Cynthia* ina bhfeicimid taobh dorcha foréigneach de Phroipeirtias mar leannán. Tá an baol anseo go ndéanfaidh sé ionsaí gnéis ar Cynthia má bhíonn sé de dhánacht inti é a dhiúltú. Ag deireadh an dáin feicimid taobh eile den fhile, an faitíos atá air roimh an mbás agus an fíorghá atá aige le seasmhacht. Ó na dánta seo feicfimid na cineálacha éagsúla cur chuige atá ag an mbeirt fhile. Má theastaíonn ó scoláire easaontú leis an ráiteas, tá léargas séimh dáiríre ar an ngrá idir seanfhear agus a bhean le fáil sa dán de chuid Óivid *Baucis and Philemon*; níl atmaisféar spraíúil sa dán *Unfair*. Ar an taobh eile, tugann Proipeirtias léargas éadrom dúinn sa dán *Susceptibility* ar a chuid lochtanna féin agus é ag titim i ngrá le mná éagsúla an t-am ar fad. Má tá argóint mhaith ann a chruthaítear le tagairtí is féidir easaontú leis an ráiteas seo, cé go bhfuil sé níos éasca aontú leis.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht ghinearálta, 10. (50 marc)**

## Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i)
(a) Is Kylix **(5)** é seo agus úsáideadh é mar chupán. **(5)** **(10 marc)**

(b) Exekias **(5).** **(5 mharc)**

(c) Ar an mbabhla kylix taispeántar an dia Diníseas agus é ag suí siar ar bhád seoil ar an bhfarraige. Tá a fhios againn gur Diníseas atá ann mar gheall ar na dornáin fíonchaor atá ag fás amach ó chrann an bháid. Tá deilfeanna ag snámh timpeall ar a bhád san uisce. Is comhdhéanamh álainn é ina léirítear an bád go mion, ina measc an stiúir agus an reithe chun tosaigh. Líonann na dornáin ghalánta fíonchaor agus na duilleoga finiúna an spás ag an mbarr agus timpeall bhun an kylix ar fad tá deilfeanna ag snámh, rud a thugann radharc soiléir beoga dúinn. Tá cuma an tsuaimhnis ar an bpríomhcharachtar Diníseas – tá sé ag ligean a scíthe, ag suí siar ar a uillinn ina róba ildaite. Úsáideann Richter an téarma "idirdhealú ciúin" dá stíl.

**(7, 7, 6.)** **(20 marc)**

Rinneadh vasaí dubhfhíoracha san Ataic sa 6ú haois R.Ch. den chuid is mó. Phéinteáiltí an pota ar fad le brat cré peiptísithe rud a thug dath dearg dó. Phéinteáiltí na fíoracha dubha ansin mar shnáthchruth dubh le mionobair ghreanta agus dathanna bána agus dearga dorcha mar dhathanna breise ag gabháil leis an dubh. Úsáideadh dath bán do chraiceann mná, féasóga seanfhear agus do ghealáin. Nuair a bhí an maisiú chomh tirim le púdar bhácáiltí na potaí trí huaire in áith.

**Míniú comhleanúnach ar an teicníc.** **(15 mharc)**

(ii)
(a) Teampall Héire in Paestum **(5)** (tugtar Teampall Phoiséadón air freisin). **(5 mharc)**
(b) Tá sé lonnaithe in Paestum **(5)** agus is leis an Ord Dórach é **(5).** **(10 marc)**
(c) Tá an teampall seo ar cheann de na teampaill Dhóracha is fearr a caomhnaíodh sa saol Gréagach. Tá sé cholún aige chun tosaigh agus ar gcúl agus tá 14 cholún ar gach taobh. Mar sin, ní hé an teampall coitianta clasaiceach 6 x 13 é a bhí ina theampall caighdeánach ina dhiaidh sin. Is é an t-aon teampall Gréagach é ina bhfuil cuid den dara sraith de cholúin taobh istigh den naos fós ina seasamh. Tá cuid d'iarsmaí staighre i gceann de na cuasa taobh istigh den pronaos. Tá na colúin sách téagartha (i gcruth todóige) nuair a chuirtear a n-airde san áireamh agus tá taibhléadan ard ann. Tá 24 cuisle ag na colúin in ionad 20 cuisle a bhíonn ann de ghnáth. Tá an gnáthmhullach colúin Dórach ar na colúin – eichne agus abacas. Os a chionn sin tá an imchásáil gan phatrún agus ar a barr tá an taenia, regula agus guttae. Os a gcionn siúd tá triglifí agus meatóip an ghnáthfhríosa Dhóraigh agus ar a mbarr tá an choirnis chothrománach agus ansin an choirnis ar claon. Ar leibhéal an dín tá tulfheistiú bunsileáin timpeall an gháitéir ar fad agus tá acroteria i ngach cúinne ar na peidiméidí.

**Cur síos iomlán. (7, 7, 6.)** **(20 marc)**

(d) Tá dátú an teampaill seo spéisiúil. Téann sé siar go 460 R.Ch. agus, mar sin, is teampall ón luathré chlasaiceach é go teicniúil. **(5)** Mar sin féin, ciallaíonn stíl an teampaill (fada, colúin an-téagartha gar dá chéile ar a bhfuil barrchaolú soiléir, eichne mór agus taibhléadan ard) gur stíl ársa atá ann i ndáiríre.

**(5, 5).** **(15 mharc)**

(iii)

(a) Kouroi (nó Kouros) **(5)** **(5 mharc)**

(b) An Luath-Ré Ársa (660-580 R.Ch.) **(5)** agus an Ré Ársa Dhéanach (540-480 RCh) **(5).**
**(10 marc)**

(c) Is sampla breá kouros Nua-Eabhrac d'fhíor fhireann ón Luath-Ré Ársa. Is cinnte gur Éigipteach ó thaobh stíle agus tionchair é agus gur snoíodh é ó bhloc dronuilleogach le heangach; tá cruth an-chúbach air. Tá sé stílithe agus cé gur léir gur fíor fhireann atá ann, níl cuma réadúil air. Tá a sheasamh an-righin agus cé go bhfuil cos amháin chun tosaigh aige, níl an chuid eile dá chorp ag freagairt dó sin. Tá a cheann agus a chosa rómhór dá chorp agus níl a lámha ag teacht leis an gcuid eile (tá a ghéaga casta amach agus tá dhá 'v' bheaga ann do na huillinneacha, agus tá a lámha casta isteach i dtreo a choirp). Tá aghaidh an-chineálach agus chothrom, bolgshúile leathana agus malaí atá ag teacht go deas le háirse na súl aige. Is sraith cruthanna geoiméadracha a chorp (na dealracháin ag teacht lena chliabhrach, an scairt ag teacht lena bhléin, a ghlúine go hiomlán siméadrach). Tá a dhromlach go hiomlán díreach. Cuirtear a chuid matán in iúl le gearrthacha agus claiseanna agus níl siad comhrianaithe agus tá abdóman ocht bpaca in ionad abdómain sé phaca aige. Tá a chuid gruaige stílithe agus í ceangailte le mionn ríoga nó banda gruaige atá go hiomlán siméadrach. Tá cruth a gcluas mar a bheadh i gcartún.

Tharla forbairtí móra sa 100 bliain idir é agus an chéad dealbh eile, Buachaill Kritios. I gcomparáid leis an bhfíor eile, tá beocht san fhíor seo agus cuma níos nádúrtha uirthi agus níl sé chomh stílithe leis an gceann eile. Tá sé sin le feiceáil ar roinnt bealaí. Ar dtús, tá cruth níos cruinne ar an bhfíor agus níl an cruth chomh cúbach céanna. Tá cuar réidh i gruth 's' tríd an dromlach agus tá na matáin comhrianaithe in ionad iad a bheith á léiriú le gearrthacha agus claiseanna. Tá cuma níos réadúla ar na cosa, agus taispeántar na glúine, mar ba cheart, in áit níos airde ar an taobh istigh i gcomparáid leis an taobh amuigh. An rud is suntasaí ná go bhfuil contrapposto le feiceáil; tá an buachaill ag iompar an chuid is mó dá mheáchan ar a chos chlé, rud a fhágann go bhfuil an chos eile ar a suaimhneas agus a thugann aisiméadracht don fhíor. Ar an gcaoi sin tugtar claonadh réadúil dá chromáin agus dá ghuaillí. Chomh maith leis sin tá a cheann claonta de bheagán. Tá a aghaidh, cé nach aghaidh ar leith í, níos comhrianaithe ná na kouros roimhe sin agus tá logaill shúile níos doimhne aige agus níl a bhéal ná a chuid gruaige chomh stílithe céanna. Is toradh Buachaill Kritios ar an tuiscint ar an réadúlacht; ní fíor chúbach, righin, stílithe é. Tá na dealbhóirí imithe ó phatrún eangaí agus radharc tosaigh foirmiúil na stíle roimhe sin go dtí stíl níos nádúrtha, níos réchúisí agus níos réadúla.

**Dhá phointe fhorbartha faoi gach dealbh. (9, 9, 9, 8.)** **(35 marc)**

(iv)

(a) Is dealbh rilífe de Nicé **(5)** é seo ó Theampall Aitéiné Nicé ar an Acrapolas Aithneach.**(5)**
**(10 marc)**

(b) Baineann sé leis an ré ardchlasaiceach (an dara leath den 5ú haois R.Ch.). **(5 mharc)**

(c) Is sampla breá an dealbh seo de láimhseáil ardchlasaiceach na héadaitheoireachta. I gcodarsnacht le fíoracha baineann ón Luath-Ré Ársa nó Meán-Ré-Ársa (samplaí maithe iad an dealbh ó Dhéileas a thiomnaigh Nikandre, an *Berlin Kore* nó an *Auxerre Kore*), tá cuma nádúrtha agus scaoilte ar a cuid éadaitheoireachta, tá na sonraí i bhfillteacha an éadaigh rindreáilte go hálainn, go háirithe sa chaoi a íslíonn sé idir a ceathrúna. Sa Ré Ársa Dhéanach, bhí an éadaitheoireacht ilchasta agus sách mionsonraithe (e.g. an *Almond Eyes Kore*) ach ní raibh sí chomh tanaí ná chomh héadrom leis seo. Is gné thipiciúil den éadaitheoireacht ardchlasaiceach an chaoi a bhfuil sí fíneálta agus trédhearcach agus, cé go bhfuil go leor fabraice ann, tá colainn na mná thíos faoi nochta go hiomlán beagnach. Tá sé sin an-soiléir anseo áit a bhfuil na línte ar a bolg le feiceáil fiú. Mar sin, i gcodarsnacht leis an éadaitheoireacht ársa atá ar nós adhmaid nó sách casta sna fillteacha, tá éadaitheoireacht na deilbhe seo fairsing agus nochtar an cruth thíos faoi.

**Trí phointe comparáide. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

## Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i)

(a) Ní mór argóintí Shócraitéas a mhíniú go soiléir agus féidearthacht an Stáit Idéalaigh a thaispeáint. Agus é ag léiriú infheidhmitheacht an stáit a bhfuil cur síos déanta aige air agus an chaoi is féidir a chóras sóisialach a bhaint amach, meabhraíonn Sócraitéas dá chomrádaithe gur chuir siad tús leis an bplé trí iarracht a dhéanamh a fháil amach céard is ceartas agus éagóir ann. Nuair a rinne sé cur síos ar an Stát Idéalach bhí sé ag iarraidh céard is ceartas ann agus an áit is féidir é a fháil a léiriú. Lena phointe a neartú, úsáideann an fealsamh sampla de phéintéir a phéinteálann fear álainn foirfe. Ní féidir leis a léiriú nach ann dá leithéid ach ní hin le rá gur drochphéintéir é. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir pictiúr Shócraitéas den tsochaí idéalach a bhaint amach ach ní hin le rá gur drochphictiúr é.

Cuireann an fealsamh brú ar a chomrádaithe aontú leis go mbeidh rath orthu más féidir leo na coinníollacha a bhunú faoinar féidir an stát is gaire don stát idéalach a bhaint amach.

Glacann Sócraitéas leis nach féidir an tsochaí a bhfuil cur sios déanta aige uirthi a bhaint amach go deo mar is iondúil nach mbíonn an gníomh chomh gar céanna don fhírinne is a bhíonn an teoiric.

Tá an fealsamh cinnte de nach féidir an stát idéalach a bhaint amach go deo agus nach dtabharfar aghaidh ar thrioblóidí stát aonair, nó an chine dhaonna féin, go dtí go mbeidh

fealsúna ina ríthe nó go dtí go mbeidh ríthe agus rialtóirí ina bhfealsúna sa chaoi is go mbeidh an chumhacht pholaitiúil agus an fhealsúnacht sa lámh chéanna. Tá Sócraitéas cinnte de nach bhfuil aon bhealach eile ann má theastaíonn ón tsochaí nó ón duine aonair a bheith sona sásta i ndáiríre.

**Míniú comhleanúnach ar argóint Shócraitéas. (9, 8, 8.) (25 marc)**

(b) Mar fhreagra ar cheist Adeimantus faoin gcaoi is féidir le stát bocht dul i mbun troda, go háirithe i gcogadh in aghaidh namhad mhóir shaibhir, tugann Sócraitéas sampla de dhornálaí ardoilte atá in ann beirt chéilí chomhraic nach dornálaithe iad, ach atá saibhir agus ramhar, a bhualadh go héasca. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh a Shaighdiúirí Cúntacha in ann do dhá nó trí oiread a lín féin.

Straitéis chliste i gcogadh in éadan dhá stát ná toscairí a chur chuig ceann díobh, agus an t-ór agus an t-airgead ar fad atá ag an gceann eile a thairiscint dó ina chúiteamh ar chomhaontas míleata in éadan an tríú stáit. Éilíonn Sócraitéas go mb'fhearr le stát ar bith a chloiseann tairiscint dá leithéid troid i gcuideachta le gadhair fhaire láidre Shócraitéis in éadan caoirigh raimhre lácha.

Tá réiteach ag an bhfealsamh chomh maith ar an bhfadhb a thiocfadh chun cinn dá gcuirfeadh an dá stát eile a n-acmhainní le chéile in éadan a chuidsean. Tá muinín aige go bhfuil gach seans nach dtarlóidh sin toisc nach bhfuil aontas inmheánach ag stát ar bith eile. Beidh dhá grúpa freasúracha ar a laghad acu ar fad, lucht an rachmais agus na boicht. Trí cheann amháin díobh a chur in aghaidh an chinn eile, tá muinín ag Sócraitéas go mbeidh a lán comhghuaillithe ag a stát agus nach mbeidh mórán naimhde aige.

**Míniú comhleanúnach ar theoiric Shócraitéas. (9, 8, 8.) (25 marc)**

(ii)
(a) Tugann Platón na cuiseanna seo a leanas: D'impigh Díón air imeacht mar dúradh go raibh Dinísias, rí Shioracús, tógtha leis an bhfealsúnacht; mhol cairde leis ón tSicil agus ón Iodáil an rud céanna dó; sheol Dinísias litir chuige inar gheall sé gnóthaí Dhíón a réiteach go sásúil dá bhfillfeadh Platón ach bhagair sé go ndéanfadh sé a mhalairt mura bhfillfeadh. Deir Platón go raibh náire ar Dhinísias faoin mbarúil a bheadh ag daoine eile faoi mura gcuirfeadh sé ina luí ar Phlatón filleadh mar theastaigh uaidh go mbeadh clú an fhealsaimh air. Theastaigh ó Phlatón a léiriú freisin gur cara maith le Díón agus leis an bhfealsúnacht é go deimhin.

**Míniú comhleanúnach ar na fáthanna a bhí ag Platón (14, 13, 13.) (40 marc)**

(b) Taispeánann an litir dílseacht Phlatón dá chara agus do chúis na Fealsúnachta. Cé gur beag seans atá aige feicimid go bhfanann sé dílis dá phrionsabail, fiú nuair a chaitear amhras air. Feiceann sé na srianta freisin a bhaineann le comhairle a chur orthu siúd nach bhfuil na tuairimí céanna acu.

**Pointe amháin a bhfuil forbairt mhaith déanta air. (10 marc)**

(iii)

(a) Dar le Sócraitéas ní mór a chur ina luí ar an bpobal ar fad i dtosach gur brionglóid a bhí sa tógáil a fuair siad, agus gur cruthaíodh agus gur tógadh iad, in éineacht lena dtrealamh agus lena n-airm, i gceartlár an domhain. Nuair a tháinig siad in inmhe, thug Máthair na Cruinne féin go dtí an dromchla iad, go solas an lae. Ní mór dóibh breathnú ar an talamh ar a bhfuil cónaí orthu mar mháthair agus í a chosaint má dhéantar ionsaí uirthi. Ina theannta sin, ní mór dóibh breathnú ar a gcomhshaoránaigh mar bhráithre a thug an Mháthair Chruinne chéanna ar an saol.

Ba cheart gach saoránach a chur ar an eolas gur bráithre iad ach gur chuir Máthair na Cruinne ór i gcomhdhéanamh na Rialtóirí cáilithe, airgead i gcomhdhéanamh na Saighdiúirí Cúntacha agus iarann agus cré-umha i gcomhdhéanamh na bhfeirmeoirí agus an chuid eile den phobal. Beidh dealramh ag leanaí lena dtuismitheoirí mar is ón mianach céanna iad, ach uaireanta tabharfaidh tuismitheoirí órga leanbh airgid ar an saol, nó tabharfaidh tuismitheoirí airgid leanbh órga ar an saol agus mar sin de.

Mar sin, ní mór do rialtóirí a gcúram mar Ghardaí a dhéanamh go cúramach agus súil a choinneáil ar an meascán miotal i gcarachtair na leanaí. Má tá cré-umha nó iarann ina chomhdhéanamh ag duine dá leanaí féin, ní mór dóibh a bheith dian air agus ísliú céime a thabhairt dó go dtí aicmí an lucht tionsclaíoch agus talmhaíochta. Ar an gcaoi chéanna, má bhíonn mianach óir nó airgid i leanbh ón ísealaicme, tá dualgas ar na rialtóirí ardú céime a thabhairt dó go dtí na Gardaí. Ba cheart a chur ina luí ar an bpobal gurb ann do thairngreacht a deir go scriosfar an stát nuair a bheidh rialtóirí airgid agus cré-umha aige. Tá Sócraitéas cinnte de go mbeidh de thoradh ar an miotas bunaithe sin go mbeidh na saoránaigh níos dílse don stát agus dá chéile.

**Míniú comhleanúnach ar an miotas. (9, 8, 8.) (25 marc)**

(b) Tá sé ríthábhachtach, ar mhaithe leis an leas coiteann, go ndéanann gach duine cibé rud a bhfuil bua aige nó aice ina leith agus go ndéanann sé nó sí rud a théann chun leas gach duine. Ciallaíonn an comhbhráithreachas go n-oibríonn cách chun leas an stáit uile. Má chreideann daoine sa mhiotas, beidh síocháin idir na haicmí sa Stát Idéalach agus beidh siad dílis don Stát dá bharr.

**Dhá phointe. (8, 7.) (15 mharc)**

(c) De réir an mhiotais tá cineál áirithe miotail measctha lena anam ag gach saoránach. In anamacha na ndaoine is oiriúnaí le bheith ina rialtóirí tá ór, airgead in anamacha na ndaoine atá oiriúnach le bheith ina saighdiúirí cúntacha, agus iarann nó cré-umha in anamacha na ndaoine atá oiriúnach le bheith ina dtáirgeoirí. Níor cheart go mbeadh aon duine i réim na cathrach a bhfuil an miotal mícheart ina anam aige; de réir an oracail, scriosfar an chathair má tharlaíonn sé sin. Cé gurb iondúil go mbeidh leanaí iarainn agus cré-umha ag tuismitheoirí iarainn agus cré-umha, leanaí airgid ag tuismitheoirí airgid, leanaí óir ag tuismitheoirí óir, ní mar sin a bhíonn ann i gcónaí. Uaireanta béarfar anam "óir" do thuismitheoirí "iarainn". Aon leanbh a bheirtear do tháirgeoirí ach a bhfuil mianach an gharda nó an tsaighdiúra chúntaigh ann, tógfar ó na tuismitheoirí é agus tógfar le leanaí den chineál céanna é. Ar an gcaoi chéanna, iad siúd a bheirtear do ghardaí nó do shaighdiúirí cúntacha agus a bhfuil mianach an táirgeora iontu, tógfar iad leis an aicme sin. Cé go bhfuil

an tsochaí dian ar shoghluaisteacht daoine fásta idir aicmí, níl sí chomh dian céanna ó thaobh oidhreachta de. Dá bhrí sin, is féidir a áitiú nach gceadaítear ach gluaiseacht an-teoranta.

**Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

(iv)

(a) Meastar go bhfuil an corpoideachas bunriachtanach d'fhorbairt daoine cothromaithe a bhfuil dea-chlú orthu. Tá an intinn níos tábhachtaí, ach nuair a chuirtear oiliúint cheart uirthi, tiocfaidh an chorpoiliúint chun cinn go nádúrtha. Dá bharr sin, beidh an duine láidir agus beidh smacht aige air féin agus seachnófar an mheisce (agus cailíní agus na cineálacha contráilte ceoil). Beidh na fir níos aclaí, níos fuinniúla agus níos airdeallaí. Níor cheart do na gardaí traenáil mar a thraenálann gnáth-lúthchleasaithe. Teastaíonn córas traenála níos oiriúnaí ó lúthchleasaithe saighdiúra sa chaoi is go mbeidh siad airdeallach, géarchúiseach, sláintiúil agus níos fearr in ann na hathruithe dosheachanta ar an réim bia agus ar an teocht agus iad i mbun dualgais a sheasamh. Tá an bhéim ar thraenáil i gcomhair cogaidh. Impíonn sé ar dhaoine aire a thabhairt dá sláinte. Tugann sé foláireamh gan bacadh leis an saol díomhaoin agus gan ár gcorp a líonadh le gáis agus le sreabháin, ar nós lodáin, agus brú a chur ar an lucht leighis ainmneacha a chruthú dár ngalair, fearacht gaofaireachta agus réama. Is í an phríomhtheachtaireacht ná go gcabhraíonn an t-oideachas meabhrach agus an corpoideachas le dea-charachtar a fhorbairt.

**Míniú comhleanúnach ar a thábhachtaí is atá an corpoideachas do Shócraitéas. (7, 7, 6.) (20 marc)**

(b) Dar le Platón, tá forbairt intleachtach agus mhorálta an duine fíorthábhachtach agus ní mór don chorpoideachas cur leis an bhforbairt sin. Is maith is eol dó na contúirtí a bhaineann le hoideachas atá dírithe go hiomlán ar spórt – ní bhíonn de thoradh air ach daoine atá leamh, aineolach, míshibhialta agus garbh. Ar an gcaoi chéanna, tá sé in aghaidh oideachas sa litríocht amháin freisin mar ní bhíonn de thoradh air ach fir atá bog, róghoilliúnach agus mí-éifeachtach. Caithfear cothromaíocht a bheith ann, "an meascán foirfe de thaobhanna fisiceacha agus intleachtacha an oideachais."

**Dhá phointe fhorbartha – an corpoideachas agus an t-oideachas intleachtach. (10,10) (20 marc)**

(c) Féadfaidh na scoláirí aontú nó easaontú anseo a fhad is a thagraíonn siad do smaointe Shócraitéas agus a thugann siad cúis mhaith lena dtuairim.

**Pointe forbartha amháin – aontú nó easaontú. (10 marc)**

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i)

(a) bb, an cardo; **(3)** c, an seanfhóram; **(3)** g, amharclann; **(3)** f, margadh; **(3)** n, áirse ceithre bhealach. **(3)**

**(15 mharc)**

(b) Tógadh cathair Lepcis Magna, áit a bhfuil an Libia sa lá atá inniu ann, ar lonnaíocht Fhéiníceach le linn ré Ágastas agus Thibir de réir patrún clár fichille. Bhí an fóram ag bun an chinn tíre agus bhí an bhaisleac in aice leis ar thaobh amháin agus bhí trí theampall ar an taobh eile; bhí an ceann sa lár tiomnaithe d'Iúpatar agus d'Ágastas. Siar ó dheas a bhí an margadh agus an amharclann a thóg an bronntóir céanna. Bhí an margadh go hálainn lena dhá halla chiorclacha agus clocha ar a raibh tomhais chaighdeánacha marcáilte. Tá an chuid den chathair a tógadh ina dhiaidh sin níos faide ó dheas ar aon líne leis an bpríomhbhóthar lúbtha (cardo). Tá na insulae níos faide anseo agus iad in oiriúint don scála. Deir Tacatas go raibh daingnithe anseo i 69 AD. I 109 AD bronnadh stádas *colonia* ar an gcathair agus ina dhiaidh sin, faoi rialú Haidrian, tógadh foirgneamh ollmhór folcadán. Ach is le linn réimeas Septimius, arbh as an áit seo dó, a tógadh an foirgneamh is fearr ar fad acu. Tógadh sráid ríúil colúnra nua gar do na folcadáin agus fóram agus baisleac nua iontach. Tá an fóram mór millteach (1,000 X 600 troigh) agus tá sé timpeallaithe ag colúnraí agus áirsí a eascraíonn as príomhchathracha cluthara an oirthir. Bhí trí thaobh ag an mbaisleac agus bhí cúlbhá ag gach taobh a bhí os cionn 100 troigh. Colúin le heibhear dearg Éigipteach agus le marmar glas Euboea, piléir bhalla de mharmar bán, snoiteáin de Dhiníseas agus d'Earcail. Chuir Caracalla barr ar an bhfoirgneamh. Le linn réimeas Septimius tógadh áirse ollmhór ornáideach ceithre bhealach áit a dtagann an *cardo* agus an *decumanus* le chéile. Ba cheart tagairt a dhéanamh freisin d'fhorbairt an chalafoirt.

**Cuntas comhleanúnach ar fhorbairt an bhaile. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(c) Deir Wheeler gur chuir an chathair "an iomarca stró" air féin i dtógáil an chalafoirt agus nár úsáideadh riamh é mar líon sé le glár.

**Pointe amháin.** **(5 mharc)**

(ii)

(a) Is é an t-amfaitéatar in H an ceann i bPoimpé, **(5)** is é an ceann in I an Colasaem (nó Amfaitéatar de shliocht Flavius) sa Róimh. **(5)**

**(10 marc)**

(b) Sna pointí seo a leanas cruthaítear gur tógadh an t-amfaitéatar i bPoimpé i bhfad roimh an gColasaem: Is é ceann de na samplaí is luaithe d'amfaitéatar cloiche, tá sé an-oscailte agus cothrom i gcomparáid leis an gColasaem. Tá sé i bhfad níos lú freisin – áit do thimpeall 14,000. Tá cuid de mheáchan an amfaitéatair i bPoimpé ar bhallaí na cathrach agus ar bhanc cré. Níorbh ann d'aon fhostruchtúr casta a bheadh mar thaca ag suíocháin agus airéine an Cholasaem. Dá bhrí sin, bhí bealach isteach an-aisteach sa Cholasaem: sraith céimeanna dúbailte go barr an struchtúir (nár úsáideadh in aon amfaitéatar eile). Tá sé an-simplí freisin.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(c) Is ubhchruth simplí agus an-oscailte an t-amfaitéatar in H ina bhfuil an cavea agus na suíocháin claonta de réir a chéile. Bhí bealach isteach aisteach aige – bhí ar an lucht féachana teacht isteach trí scrogall buidéil ag barr staighre agus ansin siúl síos i dtreo na suíochán. Tá sraith áirsí a bhfuil aghaidh bricí orthu le fáil ar an taobh amuigh den struchtúr seo (is caocháirsí cuid acu). Trí dhá staighre dhúbáilte a bhíothas in ann dul suas go suíocháin uachtair an halla. Bhí áit sa Cholasaem (nó Amfaitéatar de shliocht Flavius) do 45-50,000 duine agus ba struchtúr ilchasta é a tógadh ar shraith boghtaí ardaitheacha. Ar an taobh amuigh bhí trí shraith áirsí agus colún (Dórach ar urlár na talún, Iónach ar an gcéad urlár agus Corantach ar an tríú hurlár), agus os a chionn sin bhí leibhéal ar a raibh piléir bhalla agus ar a mbarr bhí cuaillí don scáthbhrat ollmhór. Bhí bealaí isteach trí fhormhór na n-áirsí ar urlár na talún ar mhaithe le saorghluaiseacht slua mór daoine agus bhí córas ilchasta tollán faoi thalamh aige chomh maith le cáis do na hainmhithe faoin airéine. Ba struchtúr ní ba iontaí é ó thaobh scála, castachta agus ornáideachais de ná an ceann i bPoimpé.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(iii)

(a) Is ó Cholún Thráian é seo. **Pointe amháin.** **(5 mharc)**

(b) Is comóradh é ar bhuanna Thráian ar na Dáiciaigh. **Pointe amháin.**

**(10 marc)**

(c) Is éacht iontach é, colún 100 troigh (38 méadar) agus 215 slat d'fhíoracha rilífe bíseacha a théann go dtí an barr ar fad (23 bís san iomlán). Tosaíonn sé ag an mbun ag a n-insítear scéal an dá fheachtas a bhí ag Tráian in aghaidh na nDáiciach. Feicimid saighdiúirí na Róimhe ag imeacht as cathair dhaingnithe agus ag trasnú Abhainn na Danóibe, agus Tráian ina cheann feadhna. Tá Tráian le feiceáil go minic feadh an fhríosa, é i mbun comhairle cogaidh, taobh amuigh de champa, in éadaí sagairt, ag scrúdú na láithreach. Taispeántar gach cineál eipeasóide, spiaire á ghabháil, orduithe á dtabhairt amach, i mbun máirseála, campa á thógáil ar foinse thábhachtach eolais é faoi na gnáthaimh, airm, armúr agus na modhanna a d'úsáid arm na Róimhe. Tá an snoíodóireacht go hálainn agus lán le beocht agus mionsonraí. Ní thugtar mórán airde ar an leagan amach ach sin chun scéal a insint ar bhealach níos éifeachtaí. Tá Tráian i bhfad níos airde ná aon fhíor eile. Tá sé lán le beocht agus eachtraí agus tugtar go leor eolais dúinn. Tá timpeall 2,500 fíor san iomlán ann, iad ar fad snoite in rilíf íseal. Péinteáladh na píosaí ar fad de lámh ar dtús agus ansin rinneadh na carranna capaill agus na hairm as miotal. Áitítear go n-insíonn an dealbhóireacht rilífe níos mó dúinn faoi arm na Róimhe ar an bpáirc ná aon cháipéis amháin eile.

**Trí chúis agus iad mínithe. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(iv)

(a) Is dhá phéintéireacht bheo-neamhbheo iad seo ó Theach Iúilia Felix i bPoimpé. Léirítear roinnt uibheacha ar bhord in éineacht le dhá shoitheach, is crúiscín ceann acu, tá liach agus amfara ag an soitheach eile. Tá cúpla éan marbh ar crochadh ar an mballa. Sa phéintéireacht eile tá pictiúr de bhabhla gloine torthaí in éineacht le hamfara agus pota.

**Dhá chur síos mionsonraithe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(b) Ní fhéadfadh ábhar an dá phéintéireacht seo a bheith níos leadránaí. Is earraí tí simplí iad ina bhfuil bia agus níl aon ghné shuntasach ná ghalánta ag baint leo. Níl aon scéal á insint. Ach péinteáladh iad go cúramach agus aird ar na mionsonraí rud a léiríonn go raibh meas ag na Rómhánaigh ar an áilleacht sa saol laethúil agus cheap siad go raibh rudaí fánacha go hálainn fiú. An loinnir ar na soithí miotail, na dathanna ar na húlla agus fíonchaora, léiriú an bhabhla ghloine – thug na Rómhánaigh aird ar áilleacht na ngnáthrudaí ina dtithe féin.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(c) D'fhéadfadh na scoláirí an chéad stíl a roghnú – ballaí péinteáilte sa chaoi is go mbeidh cuma bloc marmair orthu, an dara stíl – seachmaill ailtireachta agus tírdhreach galánta, an tríú stíl – patrúin atá an-sofaisticiúil agus gleoite ina bhfuil painéil bheaga thírdhreachtaithe nó an ceathrú stíl – radhairc amharclainne agus ornáideachas ilchasta. D'fhéadfaí téama ar leith a léirítear sa phéintéireacht Rómhánach (gairdíní, radhairc mhiotaseolaíocha nó tírdhreacha) a roghnú freisin. Is freagra bailí láimhseáil stíl impriseanaíoch na bpéintéireachtaí ar an gcúrsa. Ba cheart go mbeadh na scoláirí in ann cur síos a dhéanamh ar shampla amháin ar a laghad den stíl a roghnaíonn sé nó sí.

**Trácht fhorbartha amháin.** **(15 mharc)**

# Aguisín 1

## Léann Clasaiceach – An Ardteistiméireacht – Ardleibhéal

## Critéir scoite / briseadh síos ar an marcáil – ceisteanna dioscúrsacha > 30 marc

| | **Ualú** | **Marcanna as 50** | **Marcanna as 35** | **Marcanna as 30** |
|---|---|---|---|---|
| **Plé** | 40% | 20 | 14 | 12 |
| **Forbairt** | 40% | 20 | 14 | 12 |
| **Meastóireacht Ghinearálta** | 20% | 10 | 7 | 6 |

| | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 marc | 20 - 17 | 14 | 11 | 8 | 7 - 0 |
| 14 mharc | 14 - 12 | 10 | 8 | 6 | 5 - 0 |
| 12 mharc | 12 - 10 | 8 | 7 | 5 | 4 - 0 |
| 10 marc | 10 - 9 | 7 | 6 | 4 | 3 - 0 |
| 7 marc | 7 -6 | 5 | 4 | 3 | 2 - 0 |
| 6 mharc | 6 - 5 | 4 | 3 | | 2 -0 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán